


# Tuarascáil Bhliantúil 2016

Do Chomhairle: Do phobal

www.louthcoco.ie

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# Clár


Réamhrá ón gCathaoirleach....4

Foramharc ón bPríomhfheidhmeannach....5

2016 in aon amharc amháin....6

Ceithre thoghcheantar Lú (& 3 Cheantar Bhardasacha)
-Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia....9
-Toghcheantar Dhroichead Átha....10
-Toghcheantar Dhún Dealgan/Chairlinn....12
-Toghcheantar Dhún Dealgan Theas....13

Seirbhísí Corparáideacha....14

Tithíocht....24

Pobail....30

Oibríochtaí, Seirbhísí Áitiúla agus Seirbhísí Uisce....46

Forbairt eacnamaíoch, Pleanáil agus Bonneagar....50

Aguisíní....58

Ráiteas Neamhiniúchta ar Ioncam Cuimsitheach....59

Ráiteas Neamhiniúchta ar an Staid Airgeadais....60

Achoimre Neamhiniúchta ar Mhór-Ioncam....61

Táscairí Feidhmíochta....62

Taifead Tinrimh na gComhaltaí ag Comhdhálacha 2016....72

Íocaíochtaí le Comhaltaí as Cruinnithe, Coistí & Ionadaíocht 2016....75

Miondealú ar Ionadaíocht maidir le SPCanna....76

Struchtúr an Chomhchoiste Póilíneachta....78

Nuashonrú ar an bPlean Corparáideach....79

## Réamhrá ón gCathaoirleach Foramharcón bPríomhfheidhmeannach



**An Cllr.**
**Paul Bell**
**Cathaoirleach**

Is mór an phribhléid dom seirbhís a dhéanamh mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Lú le linn 2016. Ba mhór an inspioráid é an tiomantas a léirigh an oiread sin daoine sa chontae ó cheann ceann na bliana i leith fheabhsú na timpeallachta áitiúla. Cruthaíonn sé a láidre atá an braistint pobail i gContae Lú.

Bhí buaicphointí éagsúla ann i rith na bliana ach mairfidh cuimhne i bhfad ar chuairt Leas-Uachtaráin Mheiriceá ag an am, Joe Biden, ar Lú. Ba onóir é fáilte a chur roimhe agus é ag rianú a shinsir; bronnadh Saoirse Onórach an Chontae air. Ba ócáid iontach é a thug deis eisceachtúil don saol mhór tuiscint a fháil ar bhuntáistí Chontae Lú.

Is léiriú é ar fhuinneamh agus soirbhíochas an chontae an obair dhian a dhéanann na baill thofa a thacaigh liom le linn mo théarma agus a chabhraigh é an tréimhse sin a dhéanamh bisiúil agus lán léargas.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Joan Martin, as a treoir agus a tacaíocht sa bhliain ghnóthach shásúil seo. Táim fíobhuíoch de na Stiúrthóirí Seirbhíse as a gcomhar agus a ngairmiúlachas. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann Chomhairle Contae Lú a oibríonn go crua ar son mhuintir Lú chun áit chónaithe, oibre, agus infheistithe, níos fearr a dhéanamh den chontae.

Ba mhór an onóir é freastal ar shaoránaigh Lú agus cé go n-admhaím go mbeidh dúshláin le sárú sna laethanta romhainn, go háirithe an éiginneacht i dtaobh Brexit, táim ag tnúth le mo chion a dhéanamh agus muid ag tabhairt aghaidh ar na deacrachtaí a bheidh romhainn i 2017.




**Cllr. Paul Bell**
**Cathaoirleach**
**Comhairle Contae Lú**



Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae



**Ms. Joan Martin,**
**P'fheidhmeannach**

Bliain bhisiúil, ach bliain dhúshlánach, ab ea 2017, i gcás Chomhairle Contae Lú. D'éirigh linn mórchuid a bhaint amach trínár n-iarrachtaí chun ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú. Bhí an contae chun tosaigh sa fhreagairt ar an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, le seoladh Phlean Gníomhaíochta Leathanbhanda Fhóram Eacnamaíoch Lú, an chéad straitéis sa tír do chontae ar leith.

Bliain thábhachtach ab é ó thaobh na staire, leis, agus Éire ag comóradh céad bliain ó Éirí Amach i 1916. Go háitiúil, rinne Comhairle Contae Lú a cion sa chomóradh, agus bhí páirt ghníomhach aige i gcomóradh an chothrom céad bliain trí thacú le himeachtaí agus taispeántais a d'óstáil an tseirbhís leabharlainne agus an Músaem Contae, Dún Dealgan, lena n-áirítear thaispeántas 'Birth of a Nation' a bhuaigh duaiseanna.

Lean an Chomhairle de ról ghníomhach a bheith aici i gcur chun cinn na n-ealaíon, mar ba léir ó raon leatha na n-imeachtaí ó cheann ceann na bliana. Tá sé go hiontach an Fhéile Mhuirí a fheiceáil ag dul i dtreis, agus d'fhreastail os cionn 28,000 air i 2016. Buaicphointe eile ab ea Féile Ealaíon Dhroichead Átha.

Dúshlán i gcónaí ab ea é tithíocht oiriúnach a chur ar fáil dár saoránaigh. Bhí an-áthas orm dul i gceannas ar reachtaíocht ceannaigh éigeantaigh a úsáid chun tithe neamháitithe a cheannach chun tithe a bhfuil géarghá leo a sholáthar do theaghlaigh sa chontae. Bhaineamar triail as Ligean Rogha-bhunaithe i 2016, agus measaimid go ndéanfaidh sé sin leithdháileadh tithe níos fusa ar ár n-iarratasóirí ar thithíocht.

Táim mórtasach as an dul chun cinn a rinneadh sa raon leathan réimsí atá léirithe sa tuarascáil seo agus ba mhaith liom tréaslú lenáir bhfoireann as an obair dhian agus an tiomantas a léirigh siad i leith bhaint amach an dul chun cinn seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe a chuaigh ar scor in 2016 as an obair a rinne siad leis na blianta.

Ar deireadh ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis na Baill as a dtacaíocht i rith na bliana agus táim ag tnúth le dul i mbun oibre leo chun ár gclar seirbhísí nuálach agus dírithe ar shaoránaigh a sholáthar, mar atá á dhéanamh cheana féin.




**Joan Martin**
**P'fheidhmeannach**

# 2016 in aon amharc amháin



## TITHÍOCHT

**26** Orduithe ceannaigh éigeantaigh maidir le tithe folmha do thithíocht shóisialta.

**75%** De cheisteanna ár dtionóntaí tithíochta maidir le cíosanna agus cothabháil a réitítear ag an gcéad phointe teagmhála.


**977** Gloanna amach/teagmhais a d'fhreagair an tseirbhís dóiteáin.



## GNÓTHAÍ EORPACHA

**€3.5 milliún**

Cistiú faighte
do Ghlasbhealach Chairlinn go dtí an Iúir.



## FUINNEAMH


**€1.95 million**

Caite ar thionscadail Phobal Fuinnimh níos Fearr



## POBAIL

**71 teanga ar fáil sna cúrsaí teanga ar líne atá ar fáil ó na leabharlanna**



OS CIONN

**237,000**

cuairt leabharlainne agus 367,054 mhír tógtha ar iasacht.



OS CIONN

**65%**


de scoileanna áitiúla páirteach i gComhairle na nÓg.



## FORBAIRT EACNAMAÍOCH

**28,000** a d'fhreastail ar Fhéile Mhuirí Dhroichead Átha.

**1,100** Rannpháirtithe in oiliúint ghnó a sholáthair LEO.



## OIBRÍOCHTAÍ

**1,006,487**

Radhairc ar Lú
Láithreán gréasáin na Comhairle Contae.


**5,700**

Lucht leanúna na meáin shóisialta.

**40 Scoileanna**


le stádas Bhratach Glas an Taisce.

## CORPARÁIDEACHA



**30,000 km**

de bhóithre ar leathadh grin orthu i ndrochaimsir.




## Clár na dToghthóirí

Aithníonn an Chomhairle an cúram atá air a chinntiú go bhfaigheann saoránaigh atá cáilithe chun vóta a chaitheamh an deis chun é sin a dhéanamh.

Gach bliain tiomsaítear clár de na saoránaigh uile atá i dteideal vótála, i dtoghcháil áitiúla, olltoghcháin, toghcháin uachtaránachta agus reifrinn.

## Clár na dToghthóirí

Thaispeáin Clár na dToghthóirí, éifeachtach ón 15 Feabhra 2016, daonra vótála iomlána de 94,780, comhdhéanta de:

| | |
|---|---|
| Toghthóirí Uachtaránachta | 89,550 |
| Toghthóirí Dála | 90,402 |
| Toghthóirí Eorpacha | 91,298 |
| Toghthóirí Áitiúla | 94,780 |

### Ceithre Thoghcheantar Áitiúla Lú

- Dún Dealgan / Cairlinn
- Dún Dealgan Theas
- Baile Átha Fhirdhia
- Droichead Átha

### Trí Cheantar Bhardasacha Lú

- Ceantar Bardasach Dhún Dealgan
- Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia
- Ceantar Bardasach Dhroichead Átha



## Baill tofa de Chomhairle Contae Lú / Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia Chomhairle Contae Lú

*(6 mball)*



**Cunningham**, Tom
(Sinn Féin)
4 Oriel Cove, Ceann Chlochair, Droichead Átha, Co. Lú
Fón póca: 087 371 7884
Ríomhphost: tom.cunningham@louthcoco.ie



**Markey**, Colm
(Fine Gael)
Corstown, An Tóchar, Droichead Átha, Co. Lú
Fón póca: 087 831 7500
Ríomhphost: colm.markey@louthcoco.ie



**McGeough,** Pearse
(Sinn Féin)
8 Bailtíní Mhuire, Cill Saráin, Caisleán an Ghearlánaigh, Co. Lú
Fón póca: 086 813 5447
Ríomhphost: pearse.mcgeough@louthcoco.ie



**Minogue**, Dolores
(Fine Gael)
Whitefield, Sráid Jervix,
Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
Fón póca: 087 951 2788
Ríomhphost: dolores.minogue@louthcoco.ie



**Reilly,** Liam
(Fianna Fáil)
Miltowngrange, Droim Ineasclainn, Dún Dealgan, Co. Lú
Fón póca: 086 100 0881
Ríomhphost: info@liamreilly.ie



**Tenanty**, Jim
(Non Party)
Riverbank, Sráid Jervis,
Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
Fón póca: 087 371 7883
Ríomhphost: jim.tenanty@louthcoco.ie

*Toghcheantar Dhroichead Átha*
*(10 mball)*



**Bell**, Paul
*Cathaoirleach*
(Lucht Oibre)
109 Garrán Bál, Droichead Átha, Co. Lú.
Fón póca: 087 206 736
Ríomhphost: paulbell1@eircom.net



**Byrne,** Tommy
(Fianna Fáil)
10 Slí an Fhómhair, Halla Wheaton, Droichead Átha, Co. Lú
Fón póca: 086 820 1439
Ríomhphost: info@thomasbyrne.ie tommy.byrne@louthcoco.ie



**Byrne,** Joanna
(Sinn Féin)
79 Ascaill 1 An Bóthar Buí, Droichead Átha, Co.Lú
Fón póca: 087 1146 522
Ríomhphost: joanna.byrne@louthcoco.ie



**Flood**, Kenneth
(Sinn Féin)
30 Sráid na Breacóige, Sráidbhaile Aston, Droichead Átha, Co. Lú.
Fón póca: 085 213 3606
Ríomhphost: kenneth.flood@louthcoco.ie



**Godfrey**, Frank
(Neamhpháirtí)
Tigin Ghleann na Bóinne, Bóthar Dhún Uabhair, Droichead Átha, Co. Lú.
Fón póca: 086 6060 261
Ríomhphost: frank.godfrey@louthcoco.ie



**Callan BL**, Kevin
(Neamhpháirtí)
20 Sráid an Aonaigh, Droichead Átha, Co. Lú
Fón póca: 087 777 6648
Ríomhphost: kevincallanbl@hotmail.com



**Cassidy**, Alan
(Sinn Féin)
Mullach an Rátha, Tulaigh Álainn, Droichead Átha, Co. Lú
Fón póca: 085 739 6995
Ríomhphost: alan.cassidy@louthcoco.ie



**Culhane**, Richie
(Fine Gael)
34 Ascaill Melrose, Steach Mín, Droichead Átha, Co. Lú.
Fón póca: 087 646 9495
Ríomhphost: richie.culhane@louthcoco.ie



**Smith**, Pio
(Lucht Oibre)
37 Faiche na Foraoise, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Co. Lú.
Fón póca: 087 946 0673
Ríomhphost: pio.smith@hotmail.com



**Tully**, Oliver
(Fine Gael)
Baile Trá, Droichead Átha, Co. Lú.
Fón póca: 086 8245 715
Ríomhphost: tullyoliver@yahoo.co.uk

## *Toghcheantar Dhún Dealgan/ Chairlinn*
*(6 mball)*



**Corrigan**, Edel
(Sinn Féin)
An tÁdh Buí, Mountpleasant, Dún Dealgan, Co. Lú
Fón póca: 085 847 6660
Ríomhphost: edel.corrigan@louthcoco.ie



**Dearey**, Mark
(An Comhaontas Glas)
Corrakit, Ó Méith, Dún Dealgan, Co. Lú
Fón póca: 087 235 8197
Ríomhphost: mark.dearey@louthcoco.ie



**Keelan**, Conor
*Leas Cathaoirleach*
(Fianna Fáil)
Lóiste na nDarach, Bóthar an Iúir, Dún Dealgan, Co. Lú.
Fón póca: 087 777 3200



**McGahon**, John
(Fine Gael)
Gairdíní Fhochairde, Ardán Phádraig, Dún Dealgan, Co. Lú.
Fón póca: 085 172 0143
Ríomhphost: john.mcgahon@louthcoco.ie



**Savage**, Peter
(Fianna Fáil)
Carn na nAol, Gráinseach an Mhuilinn, An Grianfort, Co. Lú.
Fón póca: 087 136 4378
Ríomhphost: peter.savage@louthcoco.ie



**Watters**, Antóin
(Sinn Féin)
Log Brioscáin, Baile na hAbhna, Dealgan, Co. Lú
Fón póca: 087 416 5157
Ríomhphost: antoin.watters@louthcoco.ie

## *Toghcheantar Dhún Dealgan Theas*
*(7 mball)*



**Butler,** Marianne
(An Comhaontas Glas)
Copthorn, Bóthar na hAscaille Íochtarach, Dún Dealgan, Co. Lú.
Fón póca: 086 867 7672
Ríomhphost: marianne.butler@louthcoco.ie



**Coffey,** Emma
(Fianna Fáil)
154 Céide Chois Abhann, Bóthar an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan, Co. Lú
Fón póca: 087 194 0837
Ríomhphost: emma.coffey@louthcoco.ie



**Doyle,** Maria
(Fine Gael)
6 Bóthar na Dara, Lis na Dara, Bóthar na Carraige, Dún Dealgan, Co. Lú.
Fón póca: 086 877 0894
Ríomhphost: maria.doyle@louthcoco.ie



**Green,** Jennifer
(Sinn Féin)
Ascaill Uí Mhaolchalann, Dún Dealgan, Co.Lú
Fón póca: 087 1446 518
Ríomhphost: jennifer.green@gmail.com



**Meenan,** Kevin
(Sinn Féin)
5 Radharc na mBailtíní, Bóthar na Feirme, Áth na gCasán, Dún Léire, Co. Lú
Fón póca: 085 858 9241
Ríomhphost: meenan.kev@gmail.com



**Sharkey,** Tomás
(Sinn Féin)
Baile Alaird, Droichead an Chnoic, Dún Dealgan, Co. Lú.
Fón póca: 087 909 0629
Ríomhphost: tomassharkeylouth@gmail.com



**Yore,** Maeve
(Neamhpháirtí)
2 Clós Blakely, Bóthar na hAscaille, Dún Dealgan, Co. Lú.
Fón póca: 087 617 2127
Ríomhphost: maeve.yore@louthcoco.ie

# Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn Roinn Seirbhísí Corparáideacha Chomhairle Contae Lú seirbhís éifeachtach tacaíóchta do chomhairleoirí agus don ardbhainistíocht, mar aon le seirbhísí ginearálta don phobal. Cuireann sé seirbhísí leanúnacha monatóireachta agus athbhreithnithe ar fáil ar bheartais agus nósanna imeachta na Comhairle mar aon le riaradh a dhéanamh ar chruinnithe den Chomhairle. Clár na dToghthóirí a thiomsú, tuarascáil bhliantúil na Comhairle a ullmhú, bainistíocht ar réadmhaoin, cúrsaí sláinte agus sábháitleachta, agus Saoráil Faisnéise.





| Cruinnithe de Chomhairle Contae Lú – 2016 | |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla | 11 |
| Cruinnithe Speisialta | 2 |
| Cruinnithe Bliantúla | 1 |
| Cruinnithe Buiséid | 1 |
| An Grúpa Beartais Corparáidigh (CPG) | 10 |
| Cruinnithe Ceantair Bhardasaigh | |
| Ceantair Buirge Dhroichead Átha | 12 |
| Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia | 12 |
| Ceantar Bardasach Dhún Dealgan | 13 |
| Coiste Beartais Straitéisigh (SPCanna) | |
| SPC — Seirbhísí Tithíochta, Pobail, Pleanála & Éigeandála | 5 |
| SPC — Forbairt Eacnamúil & Tacaíocht Fiontair | 4 |
| SPC — Pleanáil & Comhshaol | 4 |
| SPC - Infrastructure, European & Cross Border Affairs | 5 |
| Comhchoistí Póilíneachta / Fóram Áitiúil Póilíneachta (LPF) | |
| LPF — Dún Dealgan | 1 |
| LPF— Droichead Átha | 2 |
| LPF — Baile Átha Fhirdhia | 4 |

### Cruinnithe den Chomhairle

Bhí 15 chruinniú ag Comhairle Contae Lú i 2016 – cruinniú míosúil ar an tríú Luan de gach mí, cruinniú reachtúil Buiséid i Samhain, cruinniú bliantúil i Meitheamh agus dhá cheann de chruinnithe speisialta.

D'aontaigh an Chomhairle €98.88m de chaiteachas ioncaim do 2017 ag a chruinniú reachtúil buiséid i Samhain 2016.

## Coistí Ceantair Bardasaigh

Tá trí cinn de choistí Ceantair Bardasaigh ann ag éirí as na ceithre Thoghcheantar Áitiúil mar seo a leanas: Na réimsí leanas:

| Ceantar Bardasach | Toghcheantar Áitiúil | Cathaoirleach | Cathaoirleach |
|---|---|---|---|
| Ceantar Bardasach Dhún Dealgan | Dún Dealgan/Cairlinn<br>Dún Dealgan Theas | An Cathaoirleach Mark Dearey | An chéad Mháirt den mhí |
| Ceantair Buirge Dhroichead Átha | Droichead Átha | An Méara Oliver Tully | An chéad Luan den mhí |
| Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia | Baile Átha Fhirdhia | An Cllr Dolores Minogue | An chéad Déardaoin den mhí |

## Seirbhís do Chustaiméirí

De réir an Phlean Chorparáidigh agus na Cairte do Chustaiméirí, geallann Comhairle Contae Lú riachtanais éagsúla a custaiméirí a chomhlíonadh, riachtanais atá ag athrú i gcónaí.

Chabhraigh an córas Bainistíochta ar an gCaidreamh le Custaiméirí leis an bhFoireann Seirbhísí do Chustaiméirí raon leathan seirbhísí riachtanacha pobail a chur ar fáil ar an tslí is fearr is féidir, agus na caighdeáin is airde a chur i bhfeidhm i ngach idirbheart lenár gcustaiméirí féin.


Baineadh amach feabhsú suntasach ar sheirbhísí do chustaiméirí sa tSeirbhís Tithíochta ag an bpointe teagmhála is gaire leis an gcustaiméir. Déantar iarratais tithíochta a bhailíochtú ag deasca seirbhíse do chustaiméirí agus réitítear ceisteanna suas le 75% dár dtionóntaí maidir le cíosanna agus cothabháil ag an gcéad phointe teagmhála.





Líon na gcás taifeadta, miondealaithe de réir nádúr na ceiste:

- 49% Tithíocht
- 1% Acmhainní
- 4% Daonna
- 3% Bonneagar
- 16% Seirbhísí Uisce Oibríochtaí
- 4% Tréidlia
- 2% nna
- 1% Pleanáil
- 1% Seirbhísí Éigeandála
- 1% Comhlíonadh Comhshaoil
- 1% Cáilíocht na beatha
- 9% Airgeadas, Mótarcháin & IT
- 0% Eorpach agus Trasteorann
- 8% Bainistíocht Shinsearach, Corparáideach & Seirbhísí do Chustaiméirí



## Caidreamh Eorpach agus Fuinneamh

D'éirigh le Comhairle Contae Lú cistiú a fháil ón AE i 2016 do thograí éagsúla - fuarthas €3.5m de leithdháileadh faoin gClár Peace IV agus €3.5m breise faoin gclar INTERREG VA.

## Clár Peace IV

Is tionscnamh trasteorann é PEACE IV, a mhaoinítear trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa den Aontas Eorpach agus a bhainistíonn Comhlacht na gClár Speisialta AE. Dearadh é chun tacú le síocháin agus athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann. Anuas ar sin, cuidíonn an Ciste trí chobhsaíocht shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, go háirithe trí bhearta a chuireann comhtháiteacht idir phobail chun cinn.

I Meitheamh 2016, leithdháileadh €3.5 milliún de bhuiséad táscach chun tionscadal éagsúla faoi thrí théama Chlár Peace IV a chur ar fáil. Is iad sin: Leanaí agus Daoine Óga; Spásanna agus Seirbhísí Comhroinnte; agus Caidreamh Dearfach a Chur chun Cinn. Chuathas i mbun comhairliúcháin fhorleathan i 2016 le grúpaí éagsúla reachtúla, pobail agus deonacha ar fud an chontae. Cuireadh plean gníomhaiochta Peace IV Lú faoi bhráid Chomhlacht na gClár Speisialta AE i Meán Fómhair 2016.

## INTERREG VA

Is tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh é Clár INTERREG IVA trína bhféachtar le fadhbanna eacnamaíocha agus sóisialta, a lean as teorainneacha a bheith in Éirinn, Tuaisceart Éireann agus Albain, a réiteach. Ina measc siúd tá rochtain ar iompar, seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta, fadhbanna comhshaoil agus forbairt fiontraíochta. Faoin gclár seo, fuair Comhairle Contae Lú beagnach €3.5 milliún i 2016 chun glasbhealach nua trasteorann 10.1km a chur ar fáil idir Cairlinn agus Iúr Chinn Trá. Meastar go gcuirfear an tionscadal seo i gcrích faoi Nollaig 2019.








## Tionscadal INDICATE

Comhpháirtí ab ea Comhairle Contae Lú i bhforbairt INDICATE, uirlis bhogearraí idirghníomhach bunaithea ar Chóras Faisnéise Geografaí, a dearadh chun cabhrú le pleanálaithe uirbeacha, ailtirí agus iad siúd a oibrionn sna hearnálacha fuinnimh agus fóntas dul i mbun máistirphleanála ar leibhéal macrascála agus micreascála. Tugadh an tionscamh seo chun críche i Meán Fómhair 2016.

Bhí réamhléiriú ag Comhairle Contae Lú den uirlis fhorbartha INDICATE i Samhain d'ionadaithe tofa, pleanálaithe, ailtirí, comhairligh phleanála, innealtóirí fuinnimh agus páirtithe leasmhara eile.

Thacaigh an Coimisiún Eorpach leis an tionscadal faoin 7ú Creatchlár.

## Úsáid Fuinnimh agus Feasacht Fuinnimh a Chur Chun Cinn

Tá Lú de réir sprice chun 33% de fheabhsúchán a bhaint amach ar spáráil fuinnimh faoi 2020, mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. D'eagraigh an Chomhairle roinnt leathanta feasacht fuinnimh i 2016 agus d'éirigh léi in iarratas ar chistiú a rinneadh chuig an Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun os cionn 200 teach agus foirgneamh poiblí ar fud an chontae a uasghrádú. Bhain sé aitheantas ón Údarás don obair a rinneadh sa réimse seo.

## Córas Bainistíochta Fuinnimh

D'fhorbair Comhairle Contae Lú Córas Bainistíochta Fuinnimh i 2016 chun úsáid fuinnimh na Comhairle a rianú ar shlí níos éifeachtaí. Fuarthas amach gurb iad na mórúsáideoirí fuinnimh – Halla Baile Dhún Dealgan, Halla Contae Dhún Dealgan, Soilsiú Poiblí agus an Flít – a bhí freagrach as 82% den fhuinneamh a d'úsáid an Chomhairle i 2016.

D'eagraigh an Chomhairle roinnt promóisean feasacht fuinnimh i gcaitheamh na bliana. Ar na himeachtaí poiblí bhí léirithe ar conas téamh a chumasú le Wi-Fi agus soilsiú éifeachtach ar fhuinneamh ag Halla an Chontae agus ag Halla Baile Dhún Dealgan.

Cuireadh dúshlán faoi fhostaithe na Comhairle sa tSeachtain Fuinnimh i Meitheamh 2016 chun úsáid fuinnimh a laghdú ag an obair. Ba iad foireann Halla Baile Dhún Dealgan a bhuaigh an comórtas, trí 11.5% de laghdú a bhaint amach an tseachtain sin.

### Pobail Fuinnimh níos Fearr 2016

Fuair Comhairle Contae Lú €900,000 de dheontais éifeachtúlachta fuinnimh pobail don chontae mar an príomhiarratasóir ar Scéim Pobail Fuinnimh níos Fearr Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Áiríodh ar an gclár uasghrádú ar 220 teach cónaithe, meánscoil, ionad sláinte, foirgnimh de chuid Oifig na nOibreacha Pobail, séipéal, agus oifig comharcreidmheasa. Oibríonn an scéim trí dheontas a thabhairt do gach tairbhí de chéatadán uasta ceadaithe i gcomhréir lena gcuid costas cáilitheachta.

Tugadh aitheantas do Chomhairle Contae Lú ag Gradaim Fuinimh Inbhuanaithe SEAI 2016 don obair a rinne sé faoi Chlár Cistithe Phobail Fuinnimh níos Fearr.




## Seirbhísí Tréidliachta

### Rialú Madraí

Thóg an póna isteach 435 madra i 2016, rud ab ionann agus 56 de mhéadu ar an mbliain roimhe. Den méid sin tháinig úinéirí ar thóir 177 díobh nó fuarthas baile dóibh díreach ón bpóna, agus fuarthas bailte nua do 206 madra eile trí charthanais éagsúla, go háirithe trí Dundalk Dogs. Ciallaíonn na figiúirí seo go bhfuarthas baile do 88% de na madraí a chuaigh isteach sa phóna, rud ab ionann agus 88% de mhéadú ar an mbliain roimhe.a home.

Rinneadh iarratas ar 5,500 ceadúnas madra i 2016. Bhí ardleibhéal rialú madraí ann i gcónaí. Rinneadh cigireacht ar dhá cheann d'áiteanna póraithe madraí agus cláraíodh air, rud a thug an t-iomlán i Lú go seacht gcinn.

### Rialú Capall

Bhí gníomhaíocht shuntasach maidir le rialú capall ann i 2016 ach fós féin is i laghad atá líon na gcapall ag dul; gníomhaíodh maidir le 145 capall i 2013, 93 capall i 2014 agus 23 capall i 2016.
Ní raibh ceadúnás ná micrishlis ag formhór na gcapall a tháinig isteach sa phóna agus mar sin ba dheacair úinéirí a aimsiú.

### Sábháilteacht Bia

Is é 13 líon na n-áiteanna a ndearna roinn tréidliachta Chomhairle Contae Lú cigireacht orthu, comhdhéanta de sheamlas amháin, 11 cinn de mhonarchana gearrtha / cócaireála feola, agus monarcha chláraithe feola amháin. Soláthraíonn an contae seirbhís cigireachta feola agus sábháilteachta bia faoi chonradh seirbhísí le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.



## Ráiteas Misin Chomhairle Contae Lú

**"Ceannaireacht a sholáthar agus seirbhísí ardchaighdeáin, atá dírithe ar an saoránach, freagrúil agus éifeachtach a chur ar fáil."**

## Dundalk F.C.



I Samhain 2016, bhronn Cathaoirleach Cheantar Bardasach Dhún Deagan, an Comhairleoir Mark Dearey, gradam onóra sibhialta ar Dundalk F.C. as an éacht a rinne siad uair a bhuaigh siad an tríú gradam Chraobhchomórtas na hÉireann i 2016 as a chéile, agus an tslí ar imir siad sa Chraobhchomórtas Europa.





## Joe Biden visit





Mar chuid de chuairt cúig lá ar Éirinn i Meitheamh 2016, chaith iar-Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden, lá i gContae Lú ag rianú a shinsir. Bhronn Cathaoirleach ChCL, Paul Bell, tarbh adhmaid ar an Leas-Uachtarán, tarbh a rinne ceardaí áitiúil, Joe Lawler, mar chomóradh ar ghradam shaoirse an chontae a bronnadh air. Bhí a theaghlach in éineacht leis, cúigear garpháistí san áireamh, nuair a thug sé cuairt ar reilig Chill Mhuire chun seal a chaitheamh ag uaigh a shinsir.

# Tithíoc

Oibríonn Comhairle Contae Lú chun cabhrú le muintir Lú tithíocht chompordach, shábháilte inacmhainne a fhail, agus aithnítear a éagsúla atá riachtanais chóiríochta an phobail. Is féidir cóiríocht a chur ar fáil trí scéimeanna éagsúla, nó cabhrú chun cóiríocht a oiriúnú trí scéimeanna deontais, a bheith san áireamh anseo. Pléann an Chomhairle fadhbanna le hiompraíocht fhrithshóisialta, cothabháil agus riaradh chuntais chíosa dá 4,000 tionónta.tithíocht chompordach, shábháilte inacmhainne a fhail, agus aithnítear a éagsúla atá riachtanais chóiríochta an phobail.





## Measúnú ar Mheasúnú Riachtanas 2016

Tugadh Measúnú ar Riachtanais Tithíochta na 3,853 líon tí ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Lú i 2016 le fáil amach ar cháiligh siad do thacaíocht tithíochta sóisialta. Ag éirí as an measúnú seo, fuarthas gur cháiligh 2,612 líon tí don tacaíocht tithíochta sóisialta

| Torthaí ar Mheasúnú ar Mheasúnú Riachtanas | |
|---|---|
| Líon iomlán na líonta tí sa suirbhé: | 3,853 |
| Líonta tí a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta: | 2,612 |
| Líon iomlán na líonta tí ar an liosta titíochta: | 2,709 |
| **Líon na líonta tí:r:** | |
| Ceantar Bardasach Átha Fhirdhia | 537 |
| Ceantar Bardasach D. Dealgan | 1,103 |
| Ceantar Bardasach D. Átha | 1,069 |

## Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Tá an obair ar siúl i gcónaí ar shamhail Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (HAP) na tacaíochta sóisiata tithíochta a chur chun cinn. Ba é 1,233 líon iomlán na n-iarratasóir a bhí ag fáil an HAP ag deireadh 2016. Cé nach mbíonn iarratasóirí a fhaigheann an HAP ar liosta tithíochta na Comhairle níos mó, fanann siad ar an liosta aistrithe ón HAP go tithíocht shóisialta.

| Leithdháiltí agus Aistrithe | |
|---|---|
| Líon iomlán na leithdháiltí: | 209 |
| Leithdháiltí tithíochta sóisialta: | 175 |
| Leithdhailtí chumann deonach tithíochta: | 34 |
| Leithdháilte Scéim Rogha Tithíochta: | 12 |

Is córas é Scéim Rogha Tithíochta a chabhraíonn le daoine atá ar liostaí feitheamh Tacaíochta Tithíochta Sóisialta spéir a léirú i gcóiríocht de chuid na Comhairle agus i gcóiríocht ó chomhlachtaí deonacha tithíochta. Leathnófar an tsamhail sin de thacaíochta tithíochta sóisialta i 2017 agus beidh sé ar an modh roghnaithe chun tithíocht ghinearálta a leithdháileadh.

## Athchóiriú

Athchóiríodh 49 áit chónaithe sular ligeadh iad.

## Tithíocht Shóisialta

Ag deireadh 2016, bhí na haonaid tithíochta seo a leanas ag CCL:

| Stoc Ceadaithe na gComhlachtaí | Dún Dealgan | Droichead Átha | Baile Átha Fhirdhia | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Comhairle faoi úinéireacht | 1,720 | 1,432 | 593 | 3,745 |
| Tithe Pobail | 3 | 5 | 0 | 8 |
| Léasú Fadtéarmach | 186 | 28 | 23 | 237 |
| Iomlán | 1,909 | 1,465 | 616 | 3,990 |
| Stoc Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe | - | - | - | 769 |
| Stoc bainistíochta na Comhairle le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe | 76 | - | 20 | 69 |
| Comhaontuithe Íocaíochta & Fáil le AHB | 78 | 36 | 3 | 117 |
| Morgáiste le Cíos le AHB's | 7 | 8 | 1 | 16 |

## Soláthar Tithíochta

Bhí an Roinn Caipitil Tithíochta ag cur lena chlár ceannaithe tithe ó 2014 trí 67 teach a cheannach le linn 2015 chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil sa chontae. Ceannaíodh 26 áit chónaithe trí cheannach éigeantach agus b'éigean iad a nuachóiriú. Anuas ar sin, tógadh 14 teach ag Corrán Aisling, Diméin Cox, Dún Dealgan. Ceannaíodh ocht n-aonad eile faoin scéim léasa fadtéarmaí.

Cuireadh 14 bhá ar fáil ag Ionad Stad Pháirc Fhearann na Coille, Dún Dealgan, lena n-áirítear ceithre cinn le buanstruchtúir agus 10 stad crua. Cuireadh tús le scéim athghiniúna, ar a áiríodh scartadh ceithre fhoirgneamh, ag Corrán Phádraig Uí Thiarnaigh, Dún Dealgan.







## Measúnachtaí Cíosa

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Cíosa 2016 i Meán Fómhair 2016 (le tabhairt chun críche i Feabhra 2017). Seoladh foirm cíosa chuig 3,998 dtionónta den Chomhairle sa phost, le líonadh isteach roimh Lúnasa 2016. Tá sé éigeantach páirt a ghlacadh san athbhreithniú. Eisíodh 620 litir mheabhrúchain i Nollaig 2016 do thionóntaí nár sheol a gcuid foirmeacha ar ais

## Riaráistí Cíosa

Tagraítear sa tábla thíos do líon na gcíosanna agus na gcuntas bliantachta a bhí i riaráiste ag deireadh 2016, agus aibhsítear ann an méid a bhí dlite don Chomhairle agus an riar oibre atá i gceist i mbainistíocht an réimse seo.

Tá seacht gcinn de mhodhanna íocaíocht ar fáil do thionóntaí. Ina measc tá: Cárta Cíosa Postpoint in oifig an phoist nó Asraon Postpoint in oifig airgid na Comhairle, nó ar an bhfón. Ní mór do gach tionónta a shínigh Comhaontú Tionóntachta tar éis 2014, a gcuid cíosa a íoc trí Bhuiséad Teaghlaigh nó banc. Is é 1,055 líon na dtionóntaí a d'íoc tríd an mBuiséad Teaghlaigh roimh Nollaig 2016.

| Riaráiste Cíosa ag 31 Nollaig 2016 | Líon na gCuntas | Luach |
|---|---|---|
| Cíosanna 4-6 seachtaine d'aois | 264 | €76,275 |
| Cíosanna 7-12 seachtaine d'aois | 291 | €147,810 |
| Cíosanna 12+ seachtaine d'aois | 1458 | €4,262,437 |
| Iomláin | 2013 | €4,486,522 |

Téitear sa tóir ar riaráiste cíosa agus ar thionóntaí a dteipeann orthu an cíos a íoc agus eisítear litir maidir le Sárú an Chomhaontaithe Tionóntachta ina n-iarrtar orthu an riaráiste iomlán a ghlanadh, nó plean íocaíochta a shocrú. Bhí 1,519 tionónta ar phlean íocaíochta i 2016. Eisíodh cúig cinn d'fholáirimh tionóntachta do thionóntaí nár chomhlíon a gcuid dualgais chíosa.

## Cothabháil Tithíochta

uair Roinn Cothabhála Tithíochta na Comhairle 6,087 iarratas ar dheisiú i 2016. Ina measc siúd bhí iarratais ar fhoirne fuinneoga agus doirse agus aonaid a oiriúnú do dhaoine faoi mhíchumas. Diúltaíodh obair a dhéanamh i gcás 323 tionónta de bharr riaráiste, agus measadh gurb é freagracht an tionónta féin 52 de na hiarratais.

Rinneadh suirbhé ar riocht stoc tithíochta Chomhairle Contae Lú i 2016. Bunaithe ar na torthaí, cuirfear clár cothabhála pleanáilte i dtoll a chéile do 2017.

## Suirbhéanna Tithíochta

Rinne an Roinn Tithíochta 1,383 suirbhé tithíochta san earnáil phríobháideach cíosa. Ag éirí as sin, eisíodh 724 fógra comhairleach, 440 fógra feabhsúcháin agus 35 fógra toirmiscthe. Eisíodh 308 fógra leabhar cíosa.

## Daoine gan Dídean

Is é Comhairle Contae Lú an t-údarás áitiúil atá freagrach as Réigiún an Oirthuaiscirt agus dá réir bainistíonn sé an ceantar seo agus comhlíonann na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean san Oirthuaisceart, 2013-17.

Go luath i mí na Nollag, áiríodh líon na ndaoine a bhí ag codail lasmuigh agus fuarthas duine amháin. Bhí an duine sin i dteagmháil leis na seirbhísí do dhaoine gan dídean.

Bhí 155 duine i gcóiríocht éigeandála, ar a áiríodh 29 líon tí agus 37 leanbh. Bhí 17 teaghlach taistealaí i gcóiríocht éigeandála. Bhí 45 duine faoi chúram príomhsholáthraithe seirbhíse na Comhairle (Clann Shíomóin, Cúnamh Dhroichead Átha do Dhaoine gan Dídean, agus Tearmann Ban Dhún Dealgan).

| Fianaise ar Easpa Dídine Nollaig 2016 | MD Bhaile Átha Fhirdhia | Dealgan | MD Dhroichead | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Líon na ndaoine a tháinig ag lorg dídine ar an údarás tithíochta | 1 | 15 | 10 | 26 |
| Toradh | | | | |
| Tairgeadh comhairle, tacaíocht (lena n-áirítear cúnamh tithíochta luasghéaraithe do dhaoine a cháiligh don Fhorlíonadh Tithíochta) | 1 | 7 | 6 | 14 |
| Áit i gCóiríocht Shealadach Éigeandála | 0 | 7 | 3 | 10 |
| Dhiúltaigh Tairiscint de Chóiríocht Shealadach Éigeandála | 0 | 1 | 1 | 2 |
| Neamhchálithe, ó lasmuigh den chontae nó neamh-HRC | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Líon na dTionóntachtaí ar tacaíodh leo: Pacáistí Cothabhála a mhaoinigh an tÚdarás Tith. chun easpa dídine a chosc | 1 | 55 | 36 | 92 |

## Bainistíocht Eastát

Aisghabh an Roinn Tithíochta sé cinn déag de thithe tréigthe i 2016. Imscrúdaíodh 227 cás d'iompraíocht fhrithshóisialta. Mar thoradh ar sin, eisíodh 73 foláireamh béil, 34 foláireamh tionóntachta (le dhá mheabhrúchán) agus ceithre fhógra eisiamh. Níor ghá aon bheart eile i 116 gearán.





## Beartas Iompair Frithshóisialta

Athbhreithníodh an Beartas Iompraíochta Frithshóisialta agus glacadh Straitéis Iompraíochta Frithshóisialta nua. Baineann sé le haonaid tithíochta sóisialta na Comhairle (lena n-áirítear iad siúd atá faoi bhainistíocht comhlachtaí ceadaithe) agus ionaid staid. Dréachtaíodh an straitéis i gcomhairle leis an gComhchoiste Póilíneachta, an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ionadaithe iad siúd a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Féachann sé le seirbhísí na Comhairle a chomhordú chun iompraíocht fhrithshóisialta a chosc agus a laghdú, trí dhea-bhainistíocht eastát, agus comhar le comhlachtaí eile a chur chun cinn.

## Cúnamh Deontais do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine Faoi Mhíchumas

Ceadaíodh 90 deontas faoi Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta, Tithíocht do Sheanóirí agus Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta. Níor gha do dhuine ar bith a rinne iarratas i 2016 agus ar bronnadh Tosaíocht I air/uirthi, iarratas eile a dhéanamh.

# Cúrsaí Pobail

Oibríonn Coiste Áitiúil Forbartha Pobail Chomhairle Contae Lú chun forbairt eacnamaíoch, comhar, comhtháthú agus tacaíocht a chur chun cinn i measc pobail Lú. Cuireann LCDC Lú maoirseacht agus rialachas ar fáil don fhorbairt pobail i gContae Lú.







## Plean Áitiúil Pobail Eacnamaíche (LECP)

I 2016, d'ullmhaigh an Coiste Forbartha plean pobail áitiúil sé bliana le bearta chun dul i ngleic le bochtaineacht agus míbhuntáiste; tacú le fiontraíocht, fostaíocht agus oiliúint; bonneagar pobail a fhorbairt, agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn. Tá na bearta eagraithe faoi ocht gcinn de spriocanna foriomlána:

**SPRIOC 1:**
Pobail láidre, shábháilte agus bhisiúla



**SPRIOC 2:**
Rochtain ar




**SPRIOC 3:**
Pobail agus áiteanna saibhre, cuimsitheacha



**SPRIOC 4:**
Sláinte agus folláine



**SPRIOC 5:**
Leanaí agus daoine óga a chothú



**SPRIOC 6:**
Sochaí aoischairdiúil



**SPRIOC 7:**
Fiontraíocht, nuáil agus fiontar



**SPRIOC 8**
Timpeallacht



## Ballraíocht an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail

| Eagraíocht | Anim |
|---|---|
| **Earnáil Phoiblí** | |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Colm Markey |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Dolores Minogue |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Pearse McGeough |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Liam Reilly |
| Comhairle Contae Lú | Joan Martin |
| Comhairle Contae Lú | Thomas Mc Evoy |
| ETB Lú na Mí | Peter Kierans - ar ghabh Sadie Ward Mc Dermot a áit, deimhnithe ag CCL Lú Feabhra 2016 |
| DSP | Anne Keeley |
| HSE | Fiona Murphy |
| **Earnáil Phríobháideach** | |
| Cuideachta Forbartha Áitiúil | Mary Ann McGlynn - ar ghabh Ciaran Reid a háit, deimhnithe ag CCL Nollaig 2016 |
| Leasanna Pobail & Deonacha | Eddie Phelan- ar ghabh Larry Magnier a áit Deimhnithe ag CCL Bealtaine 2016 |
| Leasanna Pobail & Deonacha | Anthony McArdle – ar ghabh Eva Beirne a áit, deimhnithe ag CCL i mBealtaine 2016 |
| Cuimsiú Sóisialta | Marian Sloan – ar ghabh Geordie McAteer a háit, deimhnithe ag CCL Bealtaine 2016<br>Kevin Moran |
| Comhshaol | Breffni Martin |
| Feirmeoireacht | Breeda Tuite |
| Cumann Tráchtála Dhún Dealgan | Michael Gaynor |
| Cumann Tráchtála D. Átha | John Cotterill- ar ghabh Breandán Casey a áit, deimhnithe ag CCL Nollaig 2016 |
| ICTU | Frank O'Brien |
| Príomhoifigeach | Joe McGuinness |





Ghlac Comhairle Contae Lú an LECP i Márta 2016. Chabhraigh roinnt tionscnamh agus imeachtaí i gcaitheamh na bliana le soláthar na mbeart, lena n-áirítear:

- Moil Pobail a bhunú i nDún Dealgan, Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire.
- Oíche Duaiseanna Pobail agus Deonacha an Líonra Rannpháirtíochta Poibli
- Athbhrandáil agus athsheoladh shuíomh gréasáin PPN.
- Gnóthachtálacha Mhórtas Áite agus duaiseanna náisiúnta na mBailte Slachtmhara.
- Staidéar ar Chúram Cumasaithe le Teicneolaíocht faoin scéim REDZ.
- CLAR agus scéimeanna athnuachana Bailte & Sráidbhailte.
- Seó Bóthair Dementia Elevator.
- Aonach Post agus Comhairle i nDroichead Átha agus imeachtaí líonraithe i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, Skillnet. srl.

### Straitéis Forbartha Pobail Leader

Oibríonn an Coiste Áitiúil Forbartha Pobail mar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil. I 2016, chuir sé Straitéis Forbartha Aitiúla isteach ar chistiú (timpeall €6.1 milliún) faoi eilimintí LEADER de Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2014-2020. Ceapadh an straitéis chun an cur chuige ab fhearr a aithint do ghníomhaíochtaí ina ndírítear ar an mbochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta, go háirithe i bhfianaise na n-athruithe eacnamaíocha agus sóisialta atá tite amach le deich mbliana anuas.

Is é Comhairle Contae Lú príomh-chomhpháirtí airgeadais an Ghrúpa Gníomhaíochta Pobail. Is é Comhpháirtíocht Leader Lú, comhlacht forbartha a mhaoiníonn Rialtas na hÉireann, a sholáthróidh formhór an tionscadail agus bearta maidir le beochan a ghabhann le cur chun feidhme na straitéise seo.

### An Clár um Ghníomhachtú Pobail maidir le Cuimsiú Sóisialta – SICAP)

Leis an gClár um Ghníomhaíochtú Pobail agus Cuimsiú Sóisialta féachtar le bochtaineacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhoibriú áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Leagtar amach 11 bheart dúshlánach i bPlean Bliantúil 2016 SICAP faoi thrí cinn de phríomhspriocanna maidir le teagmháil pobail, oideachas agus dífhostaíocht i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Bhunaigh an LCDC foghrúpa chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun eidhme chlár SICAP agus tuairisciú don LCDC ar a éifeachtaí a bhí na hidirghabhálacha: - Notable achievements during 2016 included:

- Gnóthachtálacha suntasacha le linn 2016:
- Tionscadal 'Live Life' do Thaistealaithe óga fir
- Clár 'Communiversity' i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad.
- Tionscadal an Dorais Dheirg.
- Oiliúint For-rochtana i dTacaíocht Cúram Sláinte. Clár um Fhorchéimniú
- Réamhghníomhach.
  Clár do mhic léinn dar teideal 'Mo thodhchaí, mo ghnó.








## An tAonad Spóirt

**D'fhorbair agus bhainistigh an tAonad Spóirt roinnt clár i gcaitheamh na bliana**

**Ionad Spóirt Dhún Dealgan**

- Iomlán ar Ionad Spóirt Athchóiriú Dhún Dealgan.
- 16 Clár For-rochtana ag freastal ar gach aoisghrúpa.
- Clár for-rochtana cispheile dara leibhéal.

**Forbairt Spóirt**

- Fuair 19 gcinn de chlubanna spóirt ar fud an chontae tacaíocht trí
  **Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú**
- Eagraíodh trí cinn de chláir aclaíochta do sheanóirí ar fud an chontae i 2016.
- Eagraíodh Tri-atlan Idirbhliana i mBealtaine 2016. Bhí 200 mac léinn nó mar sin ó ocht scoil rannpháirteach.
- Tacaíodh le roinnt imeachtaí Seachtain na Rothar lena n-áirítear aistear rothaíochta do leanaí bunscoile ar an nGlasbhealach idir Ó Méith agus Cairlinn. Eagraíodh an tSeachtain Náisiúnta
- Caitheamh Aimsire in Iúil 2016. Ba é 'Cuimhnigh ar 1916' an téama. Bhí trí ghrúpa de leanaí iar-bhunscoile rannpháirteach i laethanta gníomhaíochta sa Pháirc Mhíleata Eachtraíochta Ceiltí.
- Rinneadh Ceannairí Spóirt Pobail de 40 mac léinn idirbhliana ó cheithre cinn de mheánscoileanna.
- Eagraíodh Seachtain Spóirt na hEorpa i Meán Fómhair 2016. Eagraíodh naoi gcinn d'eagraíochtaí ar fud an chontae chun an tseachtain a chomóradh.



## Tacaíocht Pobail 2016

### Coiste Náisiúnta na mBailte Slachtmhara

Tá stair bhródúil gnóthachtála ag Lú i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara.
Bhuaigh Lú sé bhonn i 2016. Bhuaigh Dún Dealgan, Droichead Átha, Baile an Tallúnaigh agus na Creagacha Dubha bonn óir, agus bhuaigh Droichead an Chnoic agus Baile Átha Fhirdhia bonn cré-umha. Mhéadaigh gach iontrálaí ó Lú na marcanna a bhí acu an bhliain roimhe, agus ba éacht é sin. Ba é Baile an Tallúnaigh an bhuaigh Gradam an Chontae, agus Caisleán an Ghearlánaigh-Cill tSaráin a bhuaigh an Gradam Iarrachta agus Droim Ineasclainn a bhuaigh an Duais Óige.

### Duaiseanna Trashion Fashion

Bhí an ceathrú Duaiseanna Faisin Trashion bliantúil ann in Eanáir 2016. Eagraíodh na ceathrú Duaiseanna Trashion Fashion in Eanáir 2016. Cumasaíonn an t-ardán seo do mhic léinn dara leibhéal a gcuid éadaí cruthaithe a thaispeáint, gach ceann acu déanta as ábhar athchúrsáilte, do ghaolta agus cairde. Tá an tionscnamh seo tar éis samhlaíocht mhuintir óg Lú a ghabháil, agus tá ag éirí go maith leis an ardán náisiúnta ag Junk Kouture.




### Duaiseanna Lú ag Féachaint go Maith

Eagraíodh Gradaim Lú ag Féachaint go Maith i nDeireadh Fómhair 2016.
Ba iad Na Creagacha Dubha na buaiteoirí móra an oíche sin, le Baile an Tallúnaigh agus Droim Ineasclainn sa dara agus sa tríú háit. Bhuaigh Droichead an Chnoic Duais na Moltóirí, agus Ceann Chochair an gradam don tSráidbhaile is mó Feabhas. Ba é Clós na Manach, Cairlinn, a bhuaigh an Eagraíodh Gradaim Lú ag Féachaint go Maith i nDeireadh Fómhair 2016.





### Dún Dealgan Cuir Feabhas ar an mBaile Seo Againne

Buaiteoirí ina gcatagóirí gradam don eastáit tithíochta ab fhearr ar fad agus Coiste Bailte Slachtmhara Dhroim Ineasclainn a bhuaigh an gradam don Tionscadal Íoslaghdaithe Dramhaíola. Bronnadh an Gradam Óige ar Choiste Bhailte Slachmhara Chnoc an Droichid agus an Duais Aoischairdiúil ar Choiste Bhailte Slachtmhara Thigh Beannáin.

### Duaiseanna Áilleacht ar an mBóinn

Eagraíodh na Gradaim Áilleacht ar an mBóinn i Samhain 2016. Ar na buaiteoirí bhí Castlewood, Five Oaks Village, The View, Wheaton Hall, Cartons Cottage in Waterunder, Kevin Mc Alister Electrical agus Clarke's Bar ar Shráid Pheadair.

### Clár Glas na Scoileanna

Lean scoileanna ar aghaidh lena ngealltanas fadtéarmach do thionscnamh na Scoileanna Glasa i 2016 agus bronnadh an bratach ar 40 scoil. Tháinig trí scoil nua isteach sa chlár seo do fheabhsúchán comhshaoil - Scoil Buachaillí an tSlánaitheora i nDún Dealgan, Scoil Naomh Íde i nDroichead Átha agus Coláiste Lú, Dún Dealgan.

### Gradaim Chomhshaoil 'GROW' do Bhunscoileanna

Bhí 40 scoil nach mór rannpháirteach i ngradaim chomhshaoil 'GROW' 2016 (Is acrainm é 'GROW' do 'Glas', 'In-athnuaite' 'Orgánach' agus 'Íoslaghdú Dramhaíola'). Aithnítear sárfheidhmíocht chomhshaoil, ar leibhéal áitiúil, sna Gradaim. Ba é Scoil Mhuire na Trócaire, Baile Átha Fhirdhia, an scoil a fuair an scór ab airde, agus bronnadh gradaim 'Scoileanna na Bliana' ar Scoil Náisiúnta na Gráinsí Móire i gCeantar Bardasach Dhún Dealgan, Scoil Naomh Feichín, Tearmann Feichín, i gCeantar Bardasach Dhún Dealgan agus Scoil Náisiúnta na Mainistreach i gCeantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia.

### Comórtas Filíochta Glaise na Nollag

Eagraítear Comórtas Filíochta Glaise Nollag i mbunscoileanna a chothaíonn ní amháin feasacht ar dhramhaíl neamhriachtanach le linn shéasúr na Nollag, ach a thaifeadann iontrálacha buacha na bpáistí mar fhógraí coiscthe dramhaíola le linn Shéasúr na Nollag. Ba é Scoil Náisiúnta Naomh Caoimhín i mBaile Philib.

### Bratach Gorm

Choimeád Lú na trí Bhratach Gorm ag tránna ag Ceann Chlochair, Port agus Baile an Teampaill i 2016. Is gradam idirnáisiúnta é an Bratach Gorm do thránna ar ardchaighdeán, a oibríonn an Taisce in Éirinn. Bronntar an gradam ar thránna agus marina a bhfuil sárchaighdeán uisce acu agus a shroicheann ardchaighdeáin uisce agus eile ar raon critéar lena n-áirítear oideachas comhshaoil, bainistíocht na timpeallachta, caighdeán uisce agus sábháilteacht. Tá an turasóireacht thar a bheith tábhachtach do Lú agus cuireann ár dtránna Bratach Gorm timpeallacht shábháilte ar fáil do theaghlaigh agus do chuairteoirí chun lá spraoi a bheith acu.day out.

## Mórtas Áite

D'éirigh go han-mhaith le Lú sa chomórtas oileánda Mórtas Áite. Féachtar sa chomórtas seo le spriorad pobail ar fud na tíre a aithint agus a chomóradh. Ba é Ceann Chlochair an buaiteoir foriomlán i gcatagóir na nOileán agus na bPobal Cósta.




## Cupáin in-athúsáide tae agus caife - Le Maoiniú ó Líonra Coiscthe na nÚdarás Áitiúil

Chuir Comhairle Contae Lú tionscadal coiscthe dramhaíola i bhfeidhm i 2016, i gcomhar le gnóthais bheaga i gCnoc an Droichid, na Creagacha Dubha agus Cairlinn, trína cuireadh cupáin in-athúsáide tae agus caife ar fáil. Le linn an tionscadail, fuair custaiméirí sna gnóthais seo a d'úsáid cupáin in-athúsáidte deochanna te ar chostas íseal. Cuireadh cistiú do chupáin te in-athúsáidte te ar fáil faoi LAPN 2015. Mhéadaigh an tionscadal seo i measc na ngnóthas beag feasacht ar an tionchar a bheadh ag cupáin indiúscartha agus fadhb an bhruscair agus na dramhaíola sa cheantar áitiúil.






# Leabharlann, Cartlanna agus Seirbhísí Músaeim Chontae Lú

Is iad Leabharlanna, Cartlanna, agus Seirbhísí Músaeim Lú an bonn taca i gcónaí le cáilíocht na beatha do dhaoine agus do phobail sa chontae.

## Seirbhísí Lleabharlainne

**237,542**
cuairt i mbliana



**367,054**
mír a tógadh ar iasacht i rith na bliana

## Forbairt Brainsí

D'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Clár Infheistíochta Caipitil Leabharlainne 2016-2021 ar 27 Eanáir 2016. Faoin gclár seo, leithdháileadh €2m nó mar in ar thabhairt isteach 'My Open Library, Unlimited Access 8am-10pm' ar fud cheantar na leabharlainne thar thréimhse an chláir seo.

Is forbairt nuálach é 'Mo Leabharlann Oscailte' trína bhféachtar leis an nasc idir pobail a agus seirbhís thábhachtach údaráis áitiúil – an leabharlann áitiúil – a fheabhsú. Tá sé dírithe ar an gcustaiméir agus cuireann seirbhís leabharlainne sholúbtha ar fáil do dhaoine agus do phobail áitiúil a oirfidh dá stíl mhaireachtála dian agus éagsúil. Tairgtear uaireanta oscailte fadaithe do bhaill na leabharlainne agus déantar iarracht na hamanna rialta foirne a choimeád chun an tseirbhís a chur ar fáil go leanúnacha, ag tacú le custaiméirí, ag cothú nasc leis an bpobal agus ag soláthar imeachtaí agus gníomhaíochtaí.

Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cistiú ar fáil do thionscamh 'Mo Leabharlann Oscailte' i Leabharlann Bhrainse Bhaile Átha Fhirdhia. Meastar go n-osclófar é an chéad leath de 2017.

## Tionscnaimh Leabharlainne Contae

**Ballraíocht Shaor in Aisce agus Seirbhísí Feabhsaithe ar Líne**

Tá ballraíocht sna leabharlanna brainse uile saor in aisce agus ar oscailt do chách. Tá sraith nua ríomhsheirbhísí ar líne insroichte ag daoine a bhfuil cárta leabharlainne acu, ag www.louthcoco.ie/libraries.

Ar na ríomhsheirbhísí nua tá:

1. **Ríomhleabhair Borrowbox agus leabhair ríomhfhuaime:** Is féidir míreanna a íoslódail ar ghléas oiriúnach leictreonach leis an bhfeidhmchlár a chuirtear ar fáil.
2. **Ríomhirisí Zinio:** Is féidir le baill na leabharlainne 200 iris ar líne a bhrabhsáil, irisí grianghrafadóireachta, garraíodóireachta, spóirt, carr agus tuilleadh nach iad.
3. **Cúrsaí teangacha ar líne de chuid Mango:** Tá 71 teanga ar fáil, lena n-áirítear Gaeilge, Spáinnis, Gearmáinis, Fraincis, Iodáilis agus Seapáinis.
4. **Seirbhís nuachtán ar líne Proquest:** Deis cuardaigh ailt nuachtáin is ea an tseirbhís seo, trí chartlann nuachtán ar fud an domhain.
5. **Ríomhfhoghlaim Universal Class:** Tugann an acmhainn seo teacht ar chúrsai ar líne i mbreis is 30 ábhar ar thopaicí praiticiúla ar nós buiséadú agus sábháil, scríbhneoireacht chruthaitheach agus scríobh tuairiscí. Is féidir le baill na leabharlainne clárú chun modúil nó tascanna a dhéanamh, nó díreach féachaint ar na ranganna físeáin ar líne.

## Clár Cothrom Céad Bliain 1916 Lú

Sheol Peter Savage, Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú ag an am Clár Cothrom Céad Bliain 1916 Lú i Leabharlann Dhún Dealgan in Eanáir 2016.

Díríodh ann ar tuiscint níos fearr a thabhairt dúinn ar imeachtaí Éirí Amach 1916 agus ar an mbrí a bhí leo, eagraíodh léachtaí cuimhneacháin ar phríomhphearsana agus príomhimeachtaí an Éirí Amach, taibhithe ceoil agus drámaíochta, agus imeachtaí áitiúla searmanacha.

Cuireadh foilseachán ar leith ar fáil, chun imeachtaí cothrom céad bliain ar fud Lú a chomóradh.

## Oíche Chultúir

Le haghaidh Oíche Chultúir 2016, fuair Leabharlann Dhún Dealgan cistiú ó Oireachtas na Gaeilge chun caint dhátheangach a óstáil ar 'Logainmneacha Chontae Lú' ó Fhiachra Mac Gabhann.



Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae

## Ionad Eorpach d'Fhaisnéis Dhíreach, Dún Dealgan

Bronnadh an dara conradh agus cistiú gaolmhar ón gCoimisiún Eorpach chun Ionad Eorpach d'Fhaisnéis Dhíreach a bhunú i Leabharlann Dhún Dealgan ó 2013-2017.

Dírítear san ionad seo ar réigiún geografach Lú, an Chabháin agus Mhuineacháin. Cuireadh clár leathan imeachtaí do dhaoine fásta agus páistí ar fáil i 2016. Ar na himeachtaí ba mhó bhí comórtas bliantúil Soapbox, oiliúint sna meáin shóisialta do thrádálaithe áitiúla ó Dhún Dealgan agus Droichead Átha, ranganna Spáinnise agus cultúr na Spáinne agus bronnadh bailiúchán leabhar Liotuánacha ó phobal Liotuánach Dhún Dealgan.



## Clár Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh

Eagraíodh Clár Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh do leanaí i ngach ceann de na leabharlanna brainse le linn mhíonna an tsamhraidh agus ghlac os cionn 900 leanbh páirt ann. Eagraíodh clár gníomhach imeachtaí ar nós am scéalaíochta, maidneacha scannán agus ealaíona agus ceardaíocht mar chomhlíonadh ar an tionscnamh.



## Campaí Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta

Eagraíodh Clár Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh do leanaí i ngach ceann de na leabharlanna brainse le linn mhíonna an tsamhraidh agus ghlac os cionn 900 leanbh páirt ann. Eagraíodh clár gníomhach imeachtaí ar nós am scéalaíochta, maidneacha scannán agus ealaíona agus ceardaíocht mar chomhlíonadh ar an tionscnamh léitheoireachta.

## An Feachtas um Cheart Léitheoireachta

Mar chuid den fheachtas 'Ceart Léitheoireachta' d'eagraigh Leabharlann Dhroichead Átha seisiúin scéalaíochta bunaithe ar théama Dé hAoine i mí Iúil. Féachadh le tacú le tuismitheoirí maidir le léitheoireacht a bpáistí agus iad a thabhairt isteach sa leabharlann. D'fhreastail os cionn 400 rannpháirtí agus fuarthas aiseolas an-dearfach.







## Tionscnaimh Litearthachta

Eagraíonn Leabharlann Dhroichead Átha cúrsa Béarla 10 seachtaine do dhaoine nach é an Béarla a máthairtheanga, i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Lú na Mí. Teagascóir deonach a mhúineann an cúrsaí agus freastalaíonn daoine ó thíortha éagsúla air. Cuirtear eolas ar na seirbhísí leabharlainne agus ar na hacmhainní is mó a d'oirfeadh dá gcás i láthair na rannpháirtithe.

Bíonn ranganna litearthachta do dhaoine fásta ar siúl dhá uair sa tseachtain i Leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia.

Is cúrsa Béarla 10 seachtaine i Leabharlann Dhún Dealgan é 'English for Employment and Self-Employment' do dhaoine nach é an Béarla a máthairtheanga.

Bhí ranganna ríomhaire ar siúl do thosaitheoirí agus do dhaoine atá ag dul i bhfeabhas i Leabharlann Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia.

## Clár Ollscoile Pobail (Communiversity)

Cuireadh tús sa tseirbhís leabharlainne, i gcomhar le Comhpháirtíocht Leader Lú agus Olllscoil Mhá Nuad, le seisiún nua cúrsaí foghlama do dhaoine fásta i Leabharlann Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha araon go luath i 2016. Ar na cúrsaí a cuireadh ar fáil bhí Síceolaíocht, Staidéar Áitiúil, Forbairt Pobail agus Obair Óige. Thug na cúrsaí deis do rannpháirtithe blas a fháil ar phlé agus ar dhíospóireachtaí ardoideachais i suíomh aithnidiúil leabharlainne. Fuair na rannpháirtthe teastas ó Ollscoil Mhá Nuad ar chríoch an chúrsa dóibh.

## Seirbhís Cartlainne Chontae Lú

Is é aidhm Sheirbhís Cartlainne Chontae Lú cartlanna poiblí agus príobháideacha Chontae Lú a aithint, a chaomhnú agus a chur ar fáil, ar mhaithe le heolas agus taighde. Coimeádann an tSeirbhís suíomh gréasáin agus leathanach Facebook trínar féidir leis an bpobal féachaint ar an gcatalóg cartlainne ar líne agus ar na teoracha taighde.

I measc bhuaicphointí 2016 bhí:

- TTaispeántas Óglaigh Lú 1914-1918
- Taispeántas Óglaigh na hÉireann 1913-1918 Óglaigh na hEireann 1913-1918 exhibition
- Athbhreithniú ar innéacs thaifid na roinne Tithíochta san Ionad Taifead
- Catalógú ar bhailiúcháin phríobháideacha
- Ullmhúchán don taispeántas ar Shaol Joseph Dolan do 2017
- Taighde ar threoir áitiúil taighde a thiomsú don Deich mBliana de Chothrom Céad Bliain.
- Cruthú Bosca Scéalta dar teideal:
  'Dundalk Gaol 1853-1931, now home to Louth County Archives' mar chuid den Fheachtas Cuir Eolas ar do Chartlann Féin, feachtas feasachta poiblí a ritheann an ARA (Archives and Records Association UK and Ireland). Rinneadh cur síos ar an bpríosún ann agus ar an tslí a athchóiríodh é mar fhoirgneamh nua don Chartlann.

## Músaem an Chontae, Dún Dealgan

Beidh cuimhne ar 2016 mar Chothrom Céad Bliain Éirí Amach 1916. I gcaitheamh na bliana, d'admhaigh agus chomóir an Stát an tionchar a bhí imeachtaí Sheachtain na Cásca. Bhí ról tábhachtach ag Músaem an Chontae, Dún Dealgan, sa chomóradh, lena thaispeántas 'Birth of a Nation - the evolution of the Irish Nationhood 1641 - 1916, a bhfuil duaiseanna buaite aige, a bhí ina mhír lánrach d'imeachtai comórtha an Mhúsaeim. I gcaitheamh na bliana, d'eagraigh an Músaem imeachtaí éagsúla a tharraing aird ar nádúr agus tionchar an Éirí Amach trí lionsaí éagsúla. Ina measc sin bhí sraith gníomhaíochtaí do scoileanna, ceardlanna priontála, turais ar an taispeántas agus úsáid bhailúchán láimhseála an Mhusaeim (go háirithe úsáid a bhaint as éide de chuid na nÓglach ón uair sin).

In Aibreán, bhí taispeántas ealaíne ag an Músaem, dar teideal A Nation Rises mar léiriú ar shaothar Carol Quinn-Wallace. An mhí chéanna, lainseáil an Músaem ócáid for-rochtana ar éirigh go maith leis in Ionad Siopadóireachta na Meirsí inar díríodh ar an Éirí Amach mar a tharla sé sa cheantar máguaird. D'eagraigh an Músaem capsúl ama mar chuid de Ghairdín Cuimhneacháin Thomáis Uí Chléirigh.








Tugadh gníomhaíochtaí 1916 an Mhúsaeim chun críche le O'Hanrahan Chronicles - taispeántas a léirigh an bhaint a bhí ag muintir O'Hanrahan leis an ullmhúchán don Éirí Amach, agus leis an tréimhse díreach ina dhiaidh.

Anuas ar na himeachtaí cuimhneacháin seo, osclaíodh taispeántas grianghraf sa Mhúsaem ag díriú aird ar an riocht atá ar chuid de thithe tréigthe tuaithe na tíre, taispeántas ealaíne ó chónaitheoirí i dTeach Altranais Naomh Oilibhéar, agus taispeántas ar an Dara Cogadh Domhanda ina bhfacthas samplaí breátha de 'ealaín trinse' agus balla cuimhneachtáin ar ar liostaíodh ainmneacha an 828 saighdiúir as Lú a cailleadh sa chogadh sin. Tugadh bliain ghnóthach an Mhúsaem chun críche le gníomhaíochtaí bliantúla Nollag do na scoileanna náisiúnta.

Bliain thábhachtach ab ea é ó thaobh na staire de agus rinne an Músaem éacht sna cuimhneacháin a eagraíodh. Bhain an Músaem stádas lánchreidiúnaithe amach faoi Chlár Caighdeán do Mhúsaem na Comhairle Oidhreachta in Éirinn. Is cruthúnas é an gradam seo ar shárchaighdeán agus gairmiúlachas leanúnach an Mhúsaem ó thaobh an chúraim a dhéantar den bhailiúchán atá ag fás i gcónaí. Ba thráthúil gradam é i mbliain a bhí lán d'ócáidí comórtha.

# Oibríochtaí, Seirbhísí Áitiúla agus Seirbhísí Uisce

Bainistíonn Roinn Oibríochtaí agus Seirbhísí Áitiúla Chomhairle Contae Lú mórchuid de na seirbhísí is infheicthe a sholáthraíonn an Chomhairle, lena n-áirítear cothabháil agus feabhsúcháin bóithre, cothabháil ár bpáirceanna poiblí agus clóis súgartha, a bhfuil duaiseanna buaite acu araon, calafoirt agus piaraí agus roinnt reiligí ar fud an chontae. I measc na seirbhísí eile a sholáthraíonn an roinn seo tá seirbhísí maor bruscair, banc buidéal agus athchúrsála, pá-pháirceáil, bainistíocht tráchta, trádáil ócáideach sa chontae, scuabadh na sráideanna agus boscaí bruscair poiblí. Anuas ar sin, bainistíonn an Chomhairle soláthar uisce agus cóiriú fuíolluisce trí chomhaontú leibhéal seirbhíse le hUisce Éireann.





## Bonneagar na mBóithre

**N53 - Céim 3:** Faoi Chéim 3, ailíníodh an N53 ó Chrois an Mhaoir go roinn de bhóthar a ailíníodh roimhe seo ag Baile an Bharrúnaigh. B'éigean na hoibreacha a dhéanamh tar éis bóthar a dhúnadh i 2015, agus tugadh chun críche iad i bhFeabhra 2016.

**N2 Cros Bhaile an Bhlácaigh:**
Tugadh an ceannach talún chun críche le comhaontú le húinéirí príobháideacha talún agus cuireadh tús le conradh do réamhoibreacha in earrach 2016, lena n-áirítear cáblaí snáthoptaice a atreorú, fálta a bhaint agus claíocha a chur in airde. Dúnadh an N2 idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2016 chun na hoibreacha a dhéanamh.

**Claífort Bhaile na Lorgan:** Ardaíodh roinn 850m de chlaífort Bhaile na Lorgan, agus de bharr ábhar ó scéimeanna bóthair a bheith stoc-charn, déanfar na codanna eile a ardú i 2017.

**Piaraí/Calafoirt:** Cuireadh áiseanna loingseoireachta nua ar fáil ag calafort Cheann Chlochair, de bhrí gur scriosadh na cinn a bhí ann le linn stoirmeacha, cuireadh pointí cumhachta breise ar fáil sa chalafort istigh i gCeann Chlochair, agus deisíodh an piara theas i gCairlinn.

**Scoileanna:** Tugadh chun críche na hoibreacha ar Choláiste Bhaile Mhic Éinigh agus tugadh an foirgneamh ar láimhe do na comhphátrúin Educate Together agus LMETB i Meitheamh 2016. Lean an obair ar aghaidh ar réamhdhearadh maidir le Scoil Náisiúnta Educate Together Bhaile Átha Fhirdhia agus aontaíodh an leagan amach leis an Roinn Oideachais i nDeireadh Fómhair 2016. Cheap Comhairle Contae Lú Ganson chun Coláiste Chú Chulainn a thógáil ag Na Méirsí i nDún Dealgan.

**Bearta sábháilteachta ísealchostais:** Rinneadh bóithre a mharcáil agus comharthaíocht bhreise a chur ar fáil ar Bhóthar Charraig Mhachaire Rois i nDún Dealgan. Suiteáladh trasrian neamhrialaithe do choisithe agus tábla luais ag an acomhal idir Sráid Culhane agus Sráid Mhic Suibhne i nDún Dealgan.


**Oibreacha deisiúcháin ar dhroichid:** Rinneadh obair athchóirithe ar dhroichid sna háiteanna seo a leanas:
- Rucky Hill, Druim Guítir, Droichead an Chlocháin, Caisleán Fhraing agus Baile Phursáid.

**Mionoibreacha Maolaithe Tuilte Dhún Léire:** Tugadh chun críche Tuarascáil Staidéir ar Thuile Dhún Léire i 2016, agus aithníodh áit i sráidbhaile Dhún Léire. ina bhféadfadh an t-uisce dul thar maoil.

**Staidéar Creimthe Cósta Lú:** Tugadh an Tuarascáil Staidéir ar Chreimeadh Cósta Lú chun críche i 2016 agus measúnaíodh an creimeadh i dtrí áit - An Grianfort, Baile an Teampaill, agus Baile an Díolúnaigh.

**Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta ar an mBaol Tuile bunaithe ar Abhantrach:**
Leanadh de Staidéar CFRAM i 2016 agus táirgeadh Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile. Tabharfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí na dréachtphleananna tuile chun críche chun liosta náisiúnta tosaíochtaí riosca tuile agus bearta gaolmhara bainistíochta a thiomsú. Cuirfear an liosta oibreacha bainistíochta riosca faoi bhráid an Aire i 2017. Cuirfear na Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile faoi bhráid na n-údarás áitiúil leis na bearta molta a ghlacadh.Management Plans will then be submitted to the relevant Local Authorities for adoption of the proposed measures.

**Roimh thús na n-oibreacha bóthair**



**Ar chríoch dóibh**







**Athchóiriú Oifig Chathartha Dhroichead Átha:** Fuarthas Cead Pleanála Chuid 8 d'Athchóiriú Oifig Chathartha Dhroichead Átha agus earcaíodh foireann dearaidh chun an tionscadal a chur i gcrích.

## Seachadadh seirbhísí uisce i gContae Lú

Is é Comhairle Contae Lú a bhainistíonn seirbhísí uisce, idir soláthar agus fuíolluisce, ar bhonn Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann.


**Teagmháil le Custaiméirí:** Fuair Comhairle Contae Lú 2,152 ceist chustaiméira ó Uisce Éireann maidir le 2016. Tarchuirfidh Uisce Éireann ciesteanna chuig údaráis áitiúla le haghaidh gnímh agus tá prótacail curtha i dtoll a chéile maidir leis sin.

**Billeáil Neamhtheaghlaigh Uisce:** I gcás custaiméirí neamhtheaghlaigh, leanfaidh an t-údarás áitiúil de na méadair a léamh agus faisnéis a tharchuirfear chuig Uisce Éireann a phróiseáil. Aistríodh an bhilleáil neamhtheaghlaigh go hUisce Éireann ón gceathrú ráithe de 2016.

**Uisce gan áireamh agus sceitheadh a deisíodh:** I 2016, deisíodh 748 ligean uisce agus braitheadh 810 ligean uisce. Ba é 41% an méid uisce nach raibh cuntas air i 2016.

**Grúpscéimeanna Uisce:** Tá Comhairle Contae Lú freagrach as grúpscéimeanna uisce. Soláthairtí príobháideacha is ea gach grúpscéim uisce i Lú agus is iad tollphoill na príomhfhoinsí. Ní bhíonon siad ceangailte leis an bpríomhphíoban poilbí. Fuarthas €232,926.32 de chistiú do ghrúpscéimeanna uisce i 2016.

**Plean Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (WSIP) 2014 – 2016:** Meastar gur fiú €26.26m caiteachas Uisce Éireann ar Chontae Lú, ag díriú ar uasghrádú na ngléasraí fuíolluisce i mBaile Átha Fhirdhia, Droichead Átha agus Dún Dealgan, agus ar thionscnaimh caomhnaithe uisce ar fud an chontae.



# Forbairt Eacnamaíoch, Pleanáil agus Bonneagar

Tacaíonn an tAonad Forbartha Eacnamaíche le forbairt eacnamaíoch chomhordaithe Chontae Lú trí thionscadail a phleanáil, a thosú agus a bhainistiú ar mhaithe le cuidiú go dearfach le forbairt eacnamaíoch leanúnach an chontae. Tá LEO, seirbhís turasóireachta, seirbhís ealaíon (CreateLouth), oibreacha oidhreachta, pleanála agus caomhantais suite san aonad. Tá an t-aonad bainteach le margú agus cur chun cinn na Comhairle mar shuíomh atá cairdiúil le cúrsaí gnó agus déanann sé pleanáil straitéiseach eacnamaíoch mar bhonn le cinntí beartais Chomhairle Contae Lú. Is é an Roinn seo atá i mbun rialú forbartha sa chontae, leis.





## Oifig Áitiúil Fiontair (LEO, Lú)

Is é ról an LEO dlús a chur le forbairt fiontar beag, agus díriú ar fhostaíocht a chruthú i micreaghnóthais agus i ngnóthais bheaga. Tacaítear le gnóthais nua agus féachtar le cumas fostaíocht micreaghnóthas agus gnóthas beag atá ag tosú nó atá ann cheana a mhéadú trí fhaisnéis, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineair, tacaíocht roghnaíoch airgeadais agus rochtain agus treoir ar thionscnaimh agus seirbhísí ábhartha na Comhairle a chur ar fáil dóibh. Is cuid d'fhís LEO Lú é a bheith mar chatalaíoch agus abhcóide chun cultúr fiontraíochta dea-chleachtais a bhunú i measc gnóthas nua, micreaghnóthas agus gnóthas beag, agus fiontraíocht agus féinfhostaíocht a chur chun cinn mar rogha inmharthana i measc an phobail i gcoitinne. Cuireadh an cuspóir seo i gcrích i 2016 trí raon leathan clar, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear oiliúint chun Do Ghnóthas Féina Thosú, tacaíochtaí meantóireachta agus cúnamh d'Ionaid Fiontair.



## Príomhghnóthachtálacha LEO Lú i 2016:



**85**

Glanlíon na bpost breise a cruthaíodh mar thoradh díreach ar dheontais a ceadaíodh agus ar mhéadú ar ghnóthais cliaint i gContae Lú.



Os cionn

**600**

iarratas faoi thionscadail



**1,100**

Daoine a d'fhreastail ar chláir oiliúna gnó, semineáir agus cláir forbartha bainistíochta.

### Sampla de thionscnaimh LEO i 2016:

- Sraith 'treoracha riachtanacha' do ghnóthais bheaga a lainseáil. Ionchur i bhforbairt Straitéis
- Bia Lú/na Mí.
- Treoirscéim do chlár nua forbartha bainistíochta do chuideachtaí luathchéime chun díolacháin i margaí nua a bhrostú.
- Bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar dhá chlár a mhaoinigh Erasmus an AE - SHIP, the Innovation Alliance agus REAL, the Employment Alliance - dírithe ar nascaíochtaí a chur chun cinn idir institiúidí tríú leibhéal agus lucht gnó.

Éascaítear rannpháirtíocht daoine óga go díreach trí LEO Lú trí Dhuaiseanna Fiontair do Mhic Léinn agus cláir an Dúshláin Fhiontair do Bhunscoileanna. I 2016, ghlac 1000 dalta in 18 iar-bhunscoil sa chontae páirt sa Chlár Fiontraíochta do Mhic Léinn. Bhí 800 dalta as 25 bhunscoil páirteach sa Chlár Dúshlán Fiontraíochta.

Riarann LEO Lú an Clár um Dhearbháin Trádála ar Line thar ceann na Roinne Cumarsáide, Gníomhaíocht Aeráide agus Comhshaoil chun tacú le lucht gnó tabhairt faoi dhíolacháin réamhthráchtála. Ceadaíodh 39 iarratas i 2016.

Ina theannta sin, oibríonn LEO Lú le Microfinance Ireland (MFI) chun Ciste Iasachtaí Micrifhionstair an Rialtais a sheachadadh. Fuair LEO Lú 11 iarratas ar Mhicreairgeadas Éireann i 2016.

Soláthraíonn Comhairle Contae Lú, trí Leo, rúnaíocht don Phlean Réigiúnach Gníomhaíochta do Phoist, Oirthuaisceart/Iarthuaisceart, 2015-2017. Tá roinnt príomhchuspóirí sa Phlean Réigiúnach Gníomhaíochta chun cur le líon na bpost, líon na gcomhlachtaí nua sa cheantar agus luach na n-easpórtálacha agraibhia a mhéadú san Oirthuaisceart/Iarthuaisceart.





Faightear sa Phlean Áitiúil Forbartha Fiontair do 2016 creat mionsonraithe chun tógáil ar an méid atá déanta go dtí seo agus a chinntiú go bhfaigheann fiontair agus fiontraithe tacaíochtaí éifeachtacha ardchaighdeáin i gcónaí ó LEO Lú chun a gcuid gnóthas agus margaí nua a choiméad ag imeacht agus a fhorbairt. Is iad príomhthosaíochtaí LEO Lú acmhainní cuimsitheacha a fhorbairt do ghnólachtaí, feasacht a mhhéadú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit, agus raon seirbhísí agus tacaíochtaí áitiúla agus náisiúnta a chur chun cinn chun dírú ar dhúshláin ghnó.

### Plean Áitiúil Eacnamaíche agus Pobail

Ceanglaítear an gComhairle, faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 Plean Áitiúil Eacnamaíoch a fhorbairt, comhdhéanta de phlean eacnamaíoch agus plean pobail comhtháite. Is comhfhiontar é an Plean seo idir Coiste Beartais Straitéisigh Eacnamaíoch agus Fiontair Chomhairle Contae Lú agus an Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC). Tá spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil ann don chontae agus beidh sé mar threoir le beartas go ceann sé bliana. Ghlac an Chomhairle Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Lú i Márta 2016.

### Fóram Eacnamaíoch Lú

Chuir Fóram Eacnamaíoch Lú fáilte roimh Mr. Martin Cronin i 2016 mar a chathaoirleach neamhspleách nua. Siopa ilfhreastail d'infheisteoirí feideartha atá san fhóram. In Eanáir 2016, lainseáil an Fóram a Phlean Gníomhaíochta Leathanbhanda ina bhfuil fís chun an contae a shuí mar cheannaire i dtaca le soláthar leathanbhanda ardluais den scoth d'infheisteoirí díreacha eachtracha, do gach fiontar dúchasach agus do chuideachtaí fiontraíochta nuabhunaithe.

### Dreasachtaí Miondíola

I rith 2016, d'fhorbair Comhairle Contae Lú bróisiúir nua infheistíochta miondíola do bhailte Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, mar chuid d'fheachtas chun na bailte sin a chur chun cinn mar láithreacha miondíola den scoth. D'oibrigh an Chomhairle le Retail Excellence Ireland (Feabhas Miondíola Éireann) chun ócáid lae "Service & Sales - Excellence Being the Very Best" a sholáthar do ghnólachtaí i Meán Fómhair 2016. Díríodh an oiliúint ar úinéirí gnólachtaí agus príomhbhaill foirne. Díríodh ar cultúr seirbhíse a chruthú le go bhfillfidh custaiméirí arís agus arís eile.

Chun tuilleadh gnólachtaí a mhealladh isteach sna bailte, cheap an tAonad Forbartha Eacnamaíche roinnt Scéimeanna Dreasachta Gnó. Cuireadh treoirlínte i bhfeidhm mar gheall ar an dearadh ar aghaidheanna siopaí, le tacaíocht ón Scéim Deontais um Fheabhsú Aghaidheanna Siopaí, an Scéim Tacaíochta do Ghnólachtaí Beaga agus an Scéim Dreasachta do Ghnólachtaí Nua. Fuarthas 28 iarratas ar an Deontas um Fheabhsú Aghaidheanna Siopaí i 2016 agus bhí naoi n-aghaidh siopa críochnaithe faoi Nollaig, le deontais arbh fhiú €12,000 iad.

## Turasóireacht

Cuid fíorthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch Lú is ea an turasóireacht. Lean Comhairle Contae Lú den obair le Fáilte Éireann i 2016 ar bhrandáil Seanoirthear na hÉireann (Ireland's Ancient East). Cuireadh cúig chomhartha nua in airde ag láithreacha suntasacha turasóireachta ar fud an chontae.

Rinneadh bunathrú ar Oifig Thurasóireachta Dhroichead Átha ag an Tholsel trí thaispeántas idirghníomhach 'Gateway to the Boyne Valley' (Geata isteach i nGleann na Bóinne) a shuiteáil do thurasóirí. Tugann taispeáintí scáileáin den scoth deis do chuairteoirí eolas a chur ar aoibhneas Dhroichead Átha agus Ghleann na Bóinne trí thadhall na méara. Ba iad Comhairle Contae Lú agus Fáilte Éireann a chó-mhaoinithe an buantaispeántas seo a thugann túseolas do chuairteoirí ar Oifig Thurasóireachta Dhroichead Átha ar gach atá le feiceáil i nGleann Álainn na Bóinne.




### Féilte

Bhí an-rath ar Fhéile Mhuirí ina hÉireann arís i mbliana, i gcomphháirtíocht le Calafort Dhroichead Átha. Bhuaigh an fhéile an gradam don Tionscnamh Turasóireachta ab Fhearr ag Gradaim Pobail agus Comhairle Fháilte Éireann agus Gradam Shárchaighdeán sa Ghnó ó Iris na hEarnála Poiblí.

Tacaíonn Comhairle Contae Lú le Fáilte Frostival Dhún Dealgan, le Féile Bonanza Dhroichead Átha, agus le Féilte Lá 'le Pádraig i nDún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia agus cuirtear cistiú ar fáil dóibh.








### Na hEalaíona

Chuir Create Louth, seirbhís ealaíon Comhairle Contae Lú raon gníomhaíochtaí ar fáil i 2016, agus iad ailínithe le cúig cinn de mhór-réimsí oibre::

1. Na hEalaíona Forbartha agus Pobail
2. Deontais agus Duaiseanna
3. Faisnéis agus Comhairle
4. Clárú Ealaíonta
5. Ionadaíocht agus Pleanáil.

I measc shamplaí den obair sna réimsí seo tá:

- Tionscadal nuálach na hEalaíona i gCúrsaí Sláinte "Medical Notes" inar sheinn ceoltóirí pobil a oileadh go speisialta chuige d'othair in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha. Choimisiúnaigh CreateLouth an comhar uathrúil seo idir Kids' Classic, eagraíocht neamhbhrabúsach a sholáthraíonn deiseanna ardchaighdeáin chun dul i mbun ceoil i láithreacha oideachais, cúram sláinte agus pobail, agus foireann bainistíochta agus leighis an ospidéil.
- Cuireann CreateLouth raon sparánachtaí agus dámhachtainí ar fáil do dhaoine agus d'eagraíochtaí ar fud an chontae gach bliain. Ceann amháin díobh seo is ea an Scéim Cheannaigh d'Uirlisí Ceoil sna Scoileanna, a bronnadh ar Choláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha i 2016. Baineadh leas as an dámhachtain de €1,300 chun 12 cinn d'ucailéilí a cheannach do dhaltaí Sraithe Sóisearaí.

- Is é suíomh Gréasáin CreateLouth an mol d'imeachtaí, deiseanna, tionscadail agus acmhainní ealaíon i Lú. Tugtar cothrom le dáta é gach lá, agus gheofar air gach faisnéis ar Thaisce Lú, bailiúchán ealaíne ChCL, trí bhunachar sonraí idirghníomhach.
- Choimisiúnaigh CreateLouth dráma dar teideal "An Easter Service" chun cothrom céad bliain an Éirí Amach i Lú a chomóradh. Ba iad baill de phobal Dhún Dealgan a cheap "An Easter Service". Baineadh leas as scileanna an Upstate Theatre Company, Droichead Átha, agus acmhainní Ionad Ealaíon na Tána, Dún Dealgan, agus díoladh gach ticéad do chéad oíche an dráma. Beidh cuimhne i bhfad ag rannpháirtithe agus lucht féachana ar aon ar an dráma seo.
- Tosaíocht do CreateLouth is ea é tacú le hamharclanna óige. Is é an tOifigeach Ealaíon ionadaí Chomhairle Contae Lú ar Bhord roinnt eagraíochtaí cultúrtha áitiúla agus náisiúnta. Is mór an chabhair í an taithí a fhaightear ó bheith ag obair le hamharclanna óige do bhaill Bhoird eagraíochtaí ina ndéantar maoirseacht ar fhorbairt amharclann óige ar bhonn náisiúnta.




## Oidhreacht

Oibríonn an Chomhairle chun meas agus tuiscine ar ár n-oidhreacht shaibhir éagsúil a chur chun cinn agus an oidhreacht sin a chosaint.

Seo a leanas na tionscadail oidhreachta a tugadh chun críche sa bhliain 2016:

- Oibreacha caomhnaithe agus deisiúcháin ar Sheanlána na Mainistreach i nDroichead Átha.
- Imscrúdú seandálaíochta agus ullmhúchán le haghaidh oibreacha caomhantais amach anseo ar an mballa atá ag titim i seanreilig na Tríonóide Ró-Naofa i gCairlinn.
- 'Heritage Guide' i dtaobh Baile Átha Fhridhia a choimisiúnaigh Archaeology Ireland.
- Bróisiúr turasóireachta do Bhaile Átha Fhirdhia (Cistiú REDZ).
- Dul i gceannas ar an 'Seiceáil Sláinte Lár an Bhaile' i nDún Dealgan.
- Tacú le coiste cuimhneacháin Chéad Chogadh Domhanda Dhún Dealgan.
- Teagmháil le dhéanamh le foirmeoirí, caomhnú an dúlra agus leasanna taitneamhachta maidir le rochtain phoiblí agus bainistíocht chomhshaoil i Sléibhe Chuailgne.
- Leabhar dathadóireachta de shéadchomharthaí oidhreachta Lú do leanaí.






## Pleanáil:

**939** IARRATAS PHLEANÁLA FAIGHTE .

**93%** IARRATAS PHLEANÁLA CEADAITHE.

**187** nGEARÁN FAOI FHORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA A IMSCRÚDAÍODH

**6** IONCHÚISEAMH





Déantar formhór na ngearán a réiteach trí chaibidlíocht agus comhaontú.

## Caomhnú

Soláthraíonn Seirbhís Caomhantais Chomhairle Contae Lú ionchur leanúnach maidir le cosaint oidhreacht chultúrtha Chontae Lú, de réir an Phlean Fhorbartha. Cuireann an Chomhairle comhairle agus treoir ar fáil do ghrúpaí deonacha ar na riachtanais reachtacha i dtaca le struchtúir chosanta, limistéir caomhnaithe ailtireacha agus séadchomharthaí.

Fuair ceithre cinn d'eagraíochtaí €40,000 de chistiú i 2016 tríd an Scéim Infheistíochta don Timpeallacht Thógtha.

| Tionscadail | Cistiú a Leithdháileadh |
|---|---|
| Eaglais na hÉireann Chollann | €10,000.00 |
| Foley's Tea Rooms | €10,000.00 |
| Carstown Manor | €10,000.00 |
| Teach Beaulieu | €10,000.00 |

Faoin Scéim do Struchtúir i mBaol 2016, fuarthas €30,000 de mhaoiniú chun ceann tuí a chur ar Theachín Harty, Ascail an Chrosbhóthair, Droichead Átha, Co. Lú.

# Aguisíní





**Ráiteas Neamhiniúchta ar Ioncam Cuimsitheach**
(ráiteas an chuntais ioncaim & caiteachais) don bhliain dar críóch an 31 Nollaig 2016

Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Taispeántar aistrithe chuig/ó chúlchistí mar mhíreanna ar leithligh agus ní leithdháiltear iad de réir roinn seirbhíse. Faoi Nóta 16 leithdháiltear aistrithe de réir roinn seirbhíse san fhormáid cheanna le Tábla A den bhuiséad údaráis áitiúil ghlactha.

| | Caiteachas Comhlán | Ioncam | Glanchaiteachas | Glan |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2016 | 2016 | 2015 |
| | € | € | € | € |
| Tithíocht & Tógáil | 22,600,007 | 21,048,453 | 1,551,553 | (1,084,376) |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 17,210,425 | 8,804,200 | 8,406,224 | 8,609,471 |
| Seirbhísí Uisce | 6,318,000 | 6,775,861 | (457,861) | (46,565) |
| Bainistíocht Forbartha | 9,866,259 | 4,841,475 | 5,024,784 | 5,782,628 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 13,743,078 | 1,996,658 | 11,746,420 | 11,199,756 |
| Caitheamh aimsire & Taitneamhacht | 7,475,217 | 807,372 | 6,667,846 | 6,050,071 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 1,265,936 | 647,294 | 618,642 | 1,233,645 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 13,871,112 | 5,541,791 | 8,329,321 | 9,337,002 |
| Caiteachas/Ioncam Iomlán | 92,350,033 | 50,463,104 | | |
| Glanchostas na Ranna le maoiniú as Rátaí & Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 41,886,930 | 41,081,633 |
| Rátaí | | | 32,111,075 | 33,081,203 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 8,106,153 | 8,098,323 |
| Asbhaint i leith PInsin | | | 1,131,640 | 1,561,064 |
| **Barrachas / (Easnamh) do Bhliain roimh Aistrithe** | | | (538,062) | 1,658,958 |
| Aistrithe ó/(go) Cúlchistí | | | 3,048,949 | (1,562,384) |
| Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain | | | 2,510,887 | 96,574 |
| Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2016 | | | (2,510,887) | (2,607,461) |
| Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2016 | | | 0 | (2,510,887) |

•Mar a deirtear in Imlitir Fin 04 2017 - Athbheithniú ar Imlitir Fin 11 2016 d'úsáid an Chomhairle Cúlchistí ar Leith chun an tEasnamh ar an gCúlchiste Ginearálta Ioncaim a ghlanadh.

## Ráiteas neamhiniúchta ar an staid airgeadais (clár comhardaithe) ag 31 Nollaig

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasata** | | |
| Oibríochtúil | 681,562,713 | 670,031,710 |
| Bonneagar | 1,355,364,519 | 355,405,395 |
| Bonneagar | 4,409,170 | 4,583,316 |
| Neamhoibríochtúil | 50,035,497 | 50,035,497 |
| | 2,091,371,900 | 2,080,055.918 |
| **Obair idir Lámha agus Réamhchostais** | 17,585.658 | 18,114,847 |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | **78,489,958** | **78,646,818** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | 25,896,405 | 28,284,404 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 32,378,740 | 27,619.016 |
| Infheistíochtaí Bainc | 2,137,888 | 2,528,543 |
| Airgead sa bhanc | 405,306 | 297,935 |
| Airgead faoi thuras | | |
| | 60,818,339 | 58,729.898 |
| **Dliteanais reatha (méideanna a dhlífear laistigh de bhliain)** | | |
| Rótharraingt Bainc | | |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 30,476,891 | 32,890,209 |
| Léasaí airgeadais | | |
| | 30,476,891 | 32,890,209 |
| **Glansócmhainní / (Dliteanais) Reatha** | 30,341,448 | 25.839 ,689 |
| **Creidiúnaithe (méideanna a dhlífear tar éis bliana)** | | |
| Iasachtaí iníoctha | 151 ,892,259 | 151,259,289 |
| Léasaí airgeadais | | |
| Taiscí in-aisíoctha | 13,232,337 | 10,963,664 |
| Eile | 4,192,267 | 2,716,121 |
| | 169,316,864 | 164,939,073 |
| **Glansócmhainní** | 2,048,472,100 | 2 037,718.198 |
| **Glansócmhainní Arna n-ionadú ag** | | |
| Cuntas Caipitlíochta | 2,091,371,900 | 2.080,055,915 |
| WIP ioncaim | 16,596,757 | 17,196,002 |
| Cúlchistí ioncaim ar leith | 469,071 | 5,533,315 |
| Cúlchistí Ioncaim Ghinearálta | 0 | (2,510,887) |
| Iarmhéideanna Eile | (59,965,627) | (62,556,147) |
| **Culchistí Iomlána** | **2,048,472,101** | **2,037,718,198** |

•Mar a deirtear in Imlitir Fin 04 2017 - Athbhreithniú ar Imlitir Fin 11 2016 d'úsáid an Chomhairle Cúlchistí ar Leith chun an tEasnamh ar an gCúlchiste Ginearálta Ioncaim a ghlanadh.





## Achoimre neamhiniúchta ar Mhórioncam

Bailiúcháin do 2016

| A<br>Cineál an fhéichiúnaí | B<br>Riaráiste isteach @ 1/1/2016 | C<br>Accrued cuSochar carntha na bliana reatha (Comhlán) | D<br>Coigeart do réadmhaoin fholamh | E<br>Díscríobh | F<br>Tarscaoil-eadh | G<br>Iomlán le bailiú =(B+C-D-E-F) | H<br>Méid a bailíodh | I<br>Riaráiste deiridh@ 31/12/2016 = (G-H) | J<br>Riaráistí amhrasacha sonracha• = (G-H) | K<br>% riaráistí = (H)/(G-J) bailithe• = (G-H) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € | € | € | |
| Rátaí | 17,649,245 | 32,111,064 | 5,648,782 | 2,182,295 | | 41,929,231 | 27,180,374 | 14,748,857 | 1,924,659 | 68% |
| Cíosanna & Blianlasachtaí | 3,552,290 | 11,595,928 | | 43,965 | | 15,104,254 | 10,724,473 | 4,379,780 | | 71% |
| Iasachtaí Tithíochta | 436,554 | 861,513 | | (6) | | 1,298,072 | 946,063 | 352,009 | | 73% |

| Is iad na figiúirí caipitil (neamhiniúchta): | |
|---|---|
| **Caiteachas** | **€26,658,621** |
| **Ioncam** | **€28,793,671** |

*iaráiste amhrasach ar leith = (i) Iarratais ar fholúntais ar feitheamh/critéir nár comhlíonadh & (ii) Cuntas i
scrúdaitheoireacht/nglacadóireacht/leachtú agus gan aon chumarsáid maidir leis an toradh dóchúil

## Táscairí Feidhmíochta 2016

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Tithíocht: H1, H2 & H4 ceadaithe | A. Líon iomlán na n-aonad cónaithe a sholáthair an t-údarás áitiúil sa bhliain | 869 |
| | B. Líon na n-aonad cónaithe a cuireadh ar fáil go díreach | 93 |
| | B.1 Líon na n-aonad cónaithe a tógadh | 18 |
| | B.2 Líon na n-aonad cónaithe a ceannaíodh | 75 |
| | C. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil faoi RAS | 16 |
| | D. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil faoi scéim HAP | 697 |
| | E. Líon na n-aonad cónaithe a cuireadh ar fáil SHCEP | 63 |
| | F. Líon iomlán na n-aonad cónaithe tithíochta sóisialta i gceantar an údaráis áitiúil ag deireadh bliana | 5,730 |
| | G. Líon iomlán na n-aonad cónaithe a chuir an t-údarás áitiúil ar fáil go díreach (tógtha nó ceannaithe) | 3,745 |
| | H. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil faoi RAS | 150 |
| | I. Líon iomlán na n-aonad cónaithe a cuireadh ar fáil faoin HAP má oibrítear é | 1,378 |
| | J. Líon na n-aonad cónaithe a cuireadh ar fáil faoin SHCEP | 457 |
| | K. Líon na n-aonad cónaithe tuaithe a bheartaítear a scairteadh nó a dhíol i ngeall ar iad a bheith tréigthe | 0 |
| | Céatadán na n-aonad cónaithe ag H1G a bhí folamh ag deireadh bliana | 1.31% |
| | Líon na n-áitreabh laistigh den stoc iomlán nach raibh tionóntaí ag deireadh na bliana | 49 |





| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Tithíocht: H1, H2 & H4 Ceadaithe | A. Caiteachas ar dheisiú agus cothabháil na tithíochta a cheannaigh nó a thóg an t-údarás áitiúil | €1,432.82 |
| | Caiteachas ar dheisiú agus cothabháil stoc an údaráis áitiúil, tiomsaithe ar bhonn leanúnach | €5,365,898 |
| Tithíocht:: H3 & H5 Ceadaithe | A.An meán-aga ó dháta fhágáil an aonaid go dáta tosaigh na tionóntachta nua | 16.63wk |
| | B.Meánchostas a ghabhann le haonaid a ullmhú do thionóntaí nua agus lena ligean arís | €9,974.63 |
| | Líon na n-aonad a bhfuarthas tionóntaí nua dóibh ar dháta ar bith i 2015 (seachas iad siúd a bhí folamh | 98 |
| | Líon na seachtainí ó fhágáil an tionónta deiridh suas go dáta chéad dochar cíosa an tionónta nua | 1629.57wk |
| | An caiteachas iomlán ar dheisiúcháin riachtanacha chun aonaid a athligean, curtha san áireamh thuas | €977,514 |
| | A. Líon iomlán na dtionótachtaí cláraigh sa cheantar ÚÁ ag deireadh Meitheamh 2016 | 6,411 |
| | B.Líon na n-aonad cónaithe ar cíos a ndearnadh cigireacht orthu i gcaitheamh na bliana | 183 |
| | C.Céatadan na n-aonad cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu i 2016 a fuarthas nár chomhlíon na Rialacháin Caighdeán. | 100 |
| | D. Líon na n-aonad cónaithe neamhchomhlíontacha a tháinig chun bheith comhlíontach le linn 2016 | 0 |
| | Níor chomhlíon líon na n-áitreabh a ndearnadh iniúchadh orthu nach gcomhlíonann na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) | 183 |
| Tithíocht: H6 Ceadaithe | A. Líon na ndaoine fásta a bhí gan dídean go fádtréimhseach mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean | 24.78% |
| | Líon na ndaoine fásta atá aicmithe mar dhaoine gan dídean agus a bhí i gcóiríocht éigeandála ar oíche an 31/12/2016 | 113 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Tithíocht: H6 Ceadaithe | Líon na ndaoine fásta ar an dáta sin a bhí i gcóiríocht éigeandála le 6 mhí as a chéile nó le 6 mhí go carnach laistigh de na 12 mhí roimhe sin | 28 |
| Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe | % na gcileaméadar de bhóthar réigiúnach le rátáil PSCI | 94% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar príomhúil le rátáil PSCI | 80% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar tánaisteach le rátáil PSCI | 86% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar treasach le rátáil PSCI | 22% |
| | % na mbóithre réigiúnacha le rátáil PSCI i gcaitheamh na bliana | 2% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar réigiúnach le rátáil PSCI 1-4 | 2% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar réigiúnach le rátáil PSCI 5-6 | 10% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar réigiúnach le rátáil PSCI 7-8 | 50% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar réigiúnach le rátáil PSCI 9-10 | 31% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar príomhúil le rátáil PSCI 1-4 | 4% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar príomhúil le rátáil PSCI 5-6 | 32% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar príomhúil le rátáil PSCI 7-8 | 40% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar príomhúil le rátáil PSCI 9-10 | 5% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar tánaisteach le rátáil PSCI 1-4 | 6% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar tánaisteach le rátáil PSCI 5-6 | 51% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar tánaisteach le rátáil PSCI 7-8 | 25% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar tánaisteach le rátáil PSCI 9-10 | 4% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar treasach le rátáil PSCI 1-4 | 6% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar treasach le rátáil PSCI 5-6 | 12% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar treasach le rátáil PSCI 7-8 | 3% |
| | % na gcileaméadar de bhóthar treasach le rátáil PSCI 9-10 | 1% |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe | A1. Na cileaméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le deontais Feabhsaithe Bóthair | 4.8km |
| | A2. Deontas Feabhsúcháin ar Bhóithre a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha (neartú) | €920,137.00 |
| | B1. Líon na n-aonad cónaithe a tógadh | 5.3km |
| | B2. Deontas Feabhsúcháin ar Bhóithre a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha (séalú) | €213,817.00 |
| | C1. Na cileaméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le deontais Feabhsaithe Bóthair | 18.3 km |
| | C2. Deontas Feabhsúcháin ar Bhóithre a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha (neartú) | €1,421,012.00 |
| | D1. Na cileaméadair de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le deontais Feabhsaithe Bóthair | 20.7 km |
| | D2. Deontas Feabhsúcháin ar Bhóithre a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla (athshéalú) | €531,584.00 |
| Mótarcháin: R3 Ceadaithe | % na mbeart mótarchánach ar líne | 60.82% |
| Uisce: W1 Ceadaithe | % de Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil a chomhlíonann na riachtanais reachtúla | 1.00% |
| Dramhaíola: E1 Ceadaithe | Líon na dteaghlach i gceantair clúdaithe ag oibreoir ceadúnaithe a sholáthraíonn seirbhís 3 araid ag 31/12/2016 (daonáireamh 2016) | 14329 |
| | % na líonta tí laistigh den údarás áitiúil atá ionadaithe ag uimhir A | 31.59% |



Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Truailliú comhshaoil: E2 Ceadaithe | Líon na gcásanna truaillithe nár imscrúdaíodh nó nár tugadh chun críche | 1,948 |
| | Líon na gcásanna truaillithe a tháinig chun cinn i 2016 nár tugadh chun críche | 1,971 |
| | Líon na gcásanna truaillithe a bhfuarthas gearán ina leith sa bhliain | 1,948 |
| | Líon na gcásanna truaillithe a dúnadh sa bhliain | 1971 |
| | Líon iomlán na gcásanna idir lámha ag deireadh bliana | 50 |
| Truailliú Bruscair: E3 Ceadaithe | Céatadán an cheantair atá neamhthruaillithe le bruscar | 0% |
| | Céatadán an cheantair atá truaillithe beagán le bruscar | 57% |
| | Céatadán an cheantair atá measartha truaillithe le bruscar | 18 % |
| | Céatadán an cheantair atá truaillithe cuid mhór le bruscar | 22 |
| | Céatadán an cheantair atá an-truillithe le bruscar | 3 |
| Pleanáil: P1 Ceadaithe | Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadan de na foirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil | 12.42% |
| | Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a fógraíodh don údarás áitiúil | 499 |
| | Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán na bhfoirgneamh nua a fógraíodh don ÚÁ i gcaitheamh na bliana faoi réir chigireacht amháin ar a laghad | 62 |
| Pleanáil: P2 & P3 Ceadaithe | A. Líon na gcinntí pleanála faoi réir achomhairc chuig an mBord Pleanála a chinn an Bord i 2016 | 31 |
| | B. % na gcinntí a dheimhnigh (le héagsúlú nó gan éagsúlú) an cinneadh a bhí déanta ag an ÚÁLíon na gcinntí a dheimhnigh cinneadh an ÚÁ le héagsúlú nó gan éagsúlú | 74.19% |
| | | 23 |
| | C. Líon na gcásanna pleanála a tarchuireadh chuig an údaráis áitiúil nó a thionscain an ÚÁ agus a imscrúdaíodh | 188 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Pleanáil: P2 & P3 Ceadaithe | B.Líon na gcásanna a dúnadh i 2016 | 207 |
| | C. % a gcásanna ag B a ruaigeadh faoi Alt 152(2) nó a dúnadh de bharr urchosc reachta nó forbairt dhíolmhaithe | 13.04 % |
| | D. % oLíon na gcásanna ag 'B' a réitíodh chun sástacht an ÚÁ trí chaibidlíocht | 38.16 % |
| | E. % Líon na gcásanna ag B a dúnadh i ngeall ar imeachtaí forfheidhmithe | 48.79 % |
| | F. Líon iomlán na gcásanna pleanála a bhí á n-imscrúdú ag 31/12/2016 | 200 |
| | Líon na gcásanna ag 'B' a ruaigeadh faoi alt 152(2), An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 | 27 |
| | Líon na gcásanna ag 'B' a réitíodh chun sástacht an ÚÁ trí chaibidlíocht | 79 |
| | Líon na gcásanna ag B a dúnadh i ngeall ar imeachtaí forfheidhmithe | 101 |
| Pleanáilg: P4 & P5 Ceadaithe | Sonraí Clár AFS roinnte ar dhaonra cheantar an ÚÁ | €25.12 |
| | Clár AFS D comhdhéanta de D01, D02, D03 (táille lárnach bainistíochta san áireamh) | €3,237,919 |
| | A.Meánlíon na seachtainí a thóg sé déileáil le hiarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas i rith na bliana. | 0.20 seachtain |
| | Líon na ndeimhnithe sábháilteachta dóiteáin a eisíodh i dtaca le hiarratais a fuarthas. | 58 |
| | Líon na seachtainí ón dáta ar a bhfuair an t-údarás áitiúil iarratas iomlán bailí go dtí an dáta ar eisíodh deimhniú sábháilteachta dóiteáin don iarratasóir, le haon chuid de sheachtain deachúlaithe go dtí dhá áit dheachúlach, agus iomlán tugtha do na deimhnithe sábháilteachta dóiteáin uile a eisíodh maidir le hiarratais a fuarthas i 2016. | 11.57 seachtain |





| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Seirbhís Dóiteáin: F1 Ceadaithe | Caiteachas faoi Chlár E AFS roinnte ar dhaonra dhaonáireamh 2011 a bhfónann an tseirbhis dóiteáin air | €52.61 |
| | Sonraí caiteachais an Chláir AFS E comhdhéanta de E11 - Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin & E12 Cosc Dóiteáin | €7,937,014 |
| Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3 Ceadaithe | A.An meánala (nóim) a thóg sé briogáid dóiteáin a shlógadh i i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin | 1.78 min |
| | B.An meánala (nóim) a thóg sé briogáid dóiteáin a shlógadh i i stáisiúin pháirtaimseartha i gcás dóiteáin | 4.3 min |
| | C.An meánala (nóim) a thóg sé briogáid dóiteáin a shlógadh i a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás timpistí eile | 2.26 min |
| | D.An meánala (nóim) a thóg sé briogáid dóiteáin a shlógadh i a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha i gcás timpistí eile | 2.26 min |
| | A. % na gcásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 76.95 % |
| | B. % na gcásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad & laistigh de 20 nóim | 20.36 % |
| | C. % na gcásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 2.69 % |
| | D. % na gcásanna neamhdhóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 59.91 % |
| | E. % na gcásanna neamhdhóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad & laistigh de 20 nóim | 35.38 % |
| | F. % na gcásanna neamhdhóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 4.72 % |
| | Líon iomlán na nglaonna amach maidir le dóiteáin sa bhliain | 668 |
| | Líon na gcásanna dóiteáin mar a rabhthas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 514 |
| | | 136 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3 Ceadaithe | Líon na gcásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 18 |
| | Líon iomlán na nglaonna amach sa bhliain i gcás teagmhas éigeandála eile | 212 |
| | Líon na gcásanna neamhdhóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 127 |
| | Líon na gcásanna neamhdhóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóim | 75 |
| | Líon na gcásanna neamhdhóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóim | 10 |
| Seirbhís Leabharlainne: L1 Ceadaithe | A. Líon na gcuairteanna ar leabharlann i rith na bliana | 237542 |
| | Líon na míreanna a tógadh ar iasacht i rith na bliana | 367054 |
| | B. Líon na gcuairteanna ar an leabharlann in aghaidh an daonra | 1.84 |
| | C. Líon na míreanna a tógadh ar iasacht sa bhliain | 367054 |
| Seirbhís Leabharlainne: L2 Ceadaithe | Sonraí Chlár F ón Ráiteas Bliantúil Airgeadais de réir dhaonra an limistéar ÚÁ de réir Dhaonáireamh 2016 | €22.58 |
| | Clár AFS F02 Costas na Seirbhíse Leabharlainne | €2,910,682 |
| Óige agus Pobal:Y1 & Y2 Ceadaithe | A. Céatadán na scoileanna áitiúla atá bainteach le scéim áitiúil Chomhairle na nÓg | 66.67 % |
| | Líon iomlán na meánscoileanna i limistéar an ÚÁ ag deireadh bliana | 18 |
| | Líon na scoileanna dara leibhéal sa cheantar údaráis áitiúil ónar fhreastail ionadaithe ar Chruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg | 12 |
| | A. Líon na n-eagraíochtaí i gClár an Chontae agus an cion a roghnaithe a bheith parteach sa Choláiste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den PPN | 35.55 |



Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Óige agus Pobal:Y1 & Y2 Ceadaithe | Líon na n-eagraíochtaí sa Chlár Contae don limistéar údaráis áitiúil | 211 |
| | Líon iomlán na n-eagraíochtaí a chláraigh den chéad uair i 2016 | 20 |
| | Líon iomlán na n-eagraíochtaí cláraithe a roghnaigh dul isteach sa Choláiste Toghcháin um Chuimsiú Sóisialta nuair a chláraigh siad don PPN | 75 |
| Corparáideach: C1 & C2 & C4 Ceadaithe | Líon na foirne lánaimseartha coibhéiseach ag deireadh bliana | 596.81 |
| | Céatadán na laethanta oibre a cailleadh i ngeall ar neamhláithreacht breoiteachta deimhnithe ag dochtúir | 3.63 % |
| | Céatadán na laethanta oibre a cailleadh i ngeall ar neamhláithreacht breoiteachta fhéindheimhnithe | 0.71 % |
| | Líon na laethanta oibre a cailleadh i ngeall ar neamhláithreacht breoiteachta le deimhniú dochtúra | 5575 days |
| | Líon na laethanta oibre a cailleadh i ngeall ar neamhláithreacht breoiteachta fhéindheimhnithe | 968 days |
| | Gach caiteachas ar TFC sa tréimhse 01/01/2016 go 31/12/2016 roinnte ar líon na bpost coibhéiseach lánaimseartha | 652 days |
| | An caiteachas iomlán ioncaim ar Mhíreanna Cuntais | 12 days |
| | | €2,935.61 |
| | | €1,752,001 |
| Corparáideach: C3 Ceadaithe | Líon iomlán na n-amharc leathanaigh ar shuíomh gréasáin ÚÁ in 2016 | 1006487 |
| | Líon iomlán na n-úsáideoirí carnacha meán sóisialta ag 31/12/2016 ag leanúint leathanaigh meán sóisialta an ÚÁ | 5600 |
| | Líon iomlán na n-amharc carnach ar leathanaigh na suíomh gréasáin uile a oibríonn an ÚÁ in 2016 | 1006487 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Corparáideach: C3 Ceadaithe | Líon iomlán na n-úsáideoirí carnacha meán sóisialta ag 31/12/2016 ag leanúint an ÚA ar shuíomh meán sóisialta ar bith | 5600 |
| Airgeadas: M1 & M2 Ceadaithe | A. Iarmhéid carnach ag 31/12/2012 sa Chuntas Ioncaim ón gCuntas Ioncaim & Caiteachais den AFS | €4,052,228 |
| | B. Iarmhéid carnach ag 31/12/2013 sa Chuntas Ioncaim ón gCuntas Ioncaim & Caiteachais den AFS | €1,442,529 |
| | C. Iarmhéid carnach ag 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim ón gCuntas Ioncaim & Caiteachais den AFS | €-2607,460 |
| | D. Iarmhéid carnach ag 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim ón gCuntas Ioncaim & Caiteachais den AFS | €-2510,886 |
| | E. Iarmhéid carnach ag 31/12/2016 sa Chuntas Ioncaim ón gCuntas Ioncaim & Caiteachais den AFS | €0 |
| | F. Barrachas nó easnamh carnach ag 31/12/2016 mar chéatadán den ioncam iomlán ón ráiteas AFS | 0 % |
| | G. Caiteachas ioncaim in aghaidh an duine i 2016 | €716.54 |
| | Figiúr 2016 d'Ioncam Iomlán ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais den AFS | €91,811,972 |
| | Figiúr 2016 d'Ioncam Iomlán ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais den AFS | €92,350,033 |
| | Leibhéal bailithe na rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2012 | 50.0 % |
| | Leibhéal bailithe na rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013 | 49.0 % |
| | Leibhéal bailithe na rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014 | 56.0 % |





| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Airgeadas: M1 & M2 Ceadaithe | Leibhéal bailithe na rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015 | 60.0 % |
| | Leibhéal bailithe na rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016 | 68 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2012 | 84.0 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013 | 83.0 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014 | 82.0 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015 | 73.0 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016 | 71 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2012 | 60.0 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013 | 60.0 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014 | 66.0 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015 | 69.0 % |
| | Leibhéal bailithe cíosanna agus bliantachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016 | 73 % |
| Forbairt Eacnamaíoch: J1 to J3 Ceadaithe | A.Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Áitiúil Fiontair i rith na bliana | 77.5 |
| | A.Líon na n-iarratas ar dhearbhán trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Áitiúil Fiontair sa bhliain | 39 |
| Forbairt Eacnamaíoch: J1 to J3 Ceadaithe | A.Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht i rith na bliana | 124 |
| | B.Líon na ndearbhán trádála ar líne sin a tarraingíodh anuas sa bhliain | 38 |

## Taifead Tinrimh na gComhairleoirí ar Chomhdhálacha 2016

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Fea 2016 | 18ú | Muileann gCearr |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **Líon na gComhairleoirí** |
| AILG oiliúint - Seirbhísí Sábháilteachta Údaráis Áitiúil | Na Cllrí Culhane/Tenanty/Tully | 3 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Aib 2016 | 1ú / 2ú | Sligeach |
| **Comhdháil Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **Líon na gComhairleoirí** |
| Seimineár Earraigh LAMA | Na Cllrí Callan/Culhane/Doyle/ McGahon/ Markey/Tenanty/Tully | 7 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Beal 2016 | 5ú/6ú | Bun Cranncha |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **Líon na gComhairleoirí** |
| AILG Comhdháil | Na Cllrí Keelan/McGahon/Culhane/Tenanty | 4 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Bealtaine 2016 | 10ú | An tInbhear Mór |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **Líon na gComhairleoirí** |
| Oiliúint AILG - Áitiúil Seirbhísí Cultúrtha an Údaráis | Na Cllrí Culhane/Tenanty/Tully | 3 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Meith 2016 | 10ú | Achadh an Iúir |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **Líon na gComhairleoirí** |
| Oiliúint níos fearr Meathas Triom | Na Cllrí Jim Tenanty/Cllrs. Smith/Culhane | 3 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Meith 2016 | | |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **Líon na gComhairleoirí** |
| Oiliúint AILG - Pleanáil Údaráis Áitiúil | Na Cllrí Culhane/Smith/Tenanty | 3 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Lún 2016 | | |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **No. of Councillors** |
| Comhdháil Cheilteach 'Brex-it' Clonakilty Hotel | An Cllr McGahon | 1 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Lún 2016 | | Longfoirt |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **No. of Councillors** |
| Oiliúint AILG – Tithíocht údaráis áitiúil & an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta | Na Cllrí Culhane/Smith/Tenanty | 3 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Deireadh Fómhair 2016 | 29 Meán Fómhair-1st Deireadh Fómhair | Beanntraí |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **No. of Councillors** |
| Seimineár Fómhair LAMA | Na Cllrí Callan/Culhane Smith/Tenanty | 4 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Deireadh Fómhair 2016 | 18th | Birr |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **No. of Councillors** |
| AILG Training - Emergency Planning | Na Cllrí Culhane/Smith/Tenanty/Tully | 4 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| DF 2016 | 13ú/14ú | Guaire |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhairleoirí** | **Líon na gComhairleoirí** |
| Comhdháil AILG | Na Cllrí Callan/Culhane/Doyle/ McGahon/Smith/Tenanty/Tully | 7 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Samh 2016 | 19ú | Red Cow Inn |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhair** | **Líon na gComhairleoirí** |
| Comhdháil AILG | Na Cllrí Tenanty/Smith | 2 |

| Mí | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Noll 2016 | 7ú/8ú | Cloch na gCoillte |
| **Comhdháil** | **Ainm/neacha na gComhair** | **Líon na gComhairleoirí** |
| AceTraining - Powerpoint | An Cllr Tully | 1 |





## Íocaíochtaí le Comhaltaí as Cruinnithe, Coistí & Ionadaíocht 2016

| | Íocaíochtaí le Baill d'Údaráis Áitiúla Lú | Comhairle Contae Lú |
|---|---|---|
| 1 | Líon na gCruinnithe Comhairle agus Coiste | 108 |
| 2 | Liuntas Bliantúil do Chostais (taisteal, cothabháil & costais ilghnéitheacha, m.sh. postas) Iomlán na gcostas a íocadh le baill as freastal ar chruinnithe den Chomhairle agus ar a choistí | €123,777 |
| 3 | Íocaíocht Ionadaíoch | €47,6919 |
| 4 | Liúntas an Chathaoirligh | €20,000 |
| 5 | Liúntas an Leaschathaoirligh | €4,000 |
| 6 | Cathaoirleach SPC/MPC | €24,000 |
| 7 | Cathaoirleach na gCeantar Bardasach | €30,000 |
| 8 | Fóin Póca/Blackberry | €11,234 |
| 9 | Costais fhreastal ar chomhdhálacha/oiliúint srl. | |
| | (a) Sa bhaile | €15,919 |
| | (b) I gcéin | €87 |

# Miondealú ar Ionadaíocht maidir le SPCanna srl. Baill na gCoistí SPC (Coiste Beartais Straitéisigh) 2014 –2019

**Seirbhísí Tithíochta, Pobail, Pleaná-la & Éigeandála**

An Cllr. Joanna Byrne, Cathaoirleach
An Cllr. Jim Tenanty Comhairle Contae Lú
An Cllr. Maeve Yore Comhairle Contae Lú
An Cllr. Kevin Meenan Comhairle Contae Lú An Cllr. Pearse McGeough C. Contae Lú
An Cllr. Paul Bell Comhairle Contae Lú
An Cllr. Liam Reilly, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Tommy Byrne, Comhairle Contae Lú
Mr. Bill Baldwin, Forbairt/Foirgníocht
Mr. Colm O'Hanrahan, Ceardchumann
Mr. Brian Doyle, Pobal/Deonach
Mr. Aubrey Halley, Pobal/Deonach
Mr. Kevin Moran, Cuimsiú Sóisialta

*Lion na gCruinnithe 2016 - 5*

**Pleanáil & Comhshaol**

An Cllr. Richie Culhane, Cathaoirleach
An Cllr. Peter Savage, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Tom Cunningham, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Jim Loughran, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Antoin Watters, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Jennifer Green, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Maria Doyle, Comhairle Contae Lú
An Cllr. John McGahon, Comhairle Contae Lú
Mr. Michael Smyth, Talmhaíocht/ Feirmeoireacht
Mr. Eddie Phelan, Gnó/Tráchtáil
Ms Marian Sloan, Pobal/Deonach
Mr. Ollan Herr, Comhshaol/Caomhnú
Mr. Breffni Martin, Comhshaoil/Caomhnú

*Lion na gCruinnithe 2016 – 4*

**Forbairt Eacnamúil & Tacaíocht Fiontair**

An Cllr. Mark Dearey, Cathaoirleach
An Cllr. Alan Cassidy, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Tomás Sharkey, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Kevin Callan Comhairle Contae Lú
An Cllr. Marianne Butler Comhairle Contae Lú
An Cllr. Conor Keelan Comhairle Contae Lú
An Cllr. Pio Smith Comhairle Contae Lú
Mr. Paddy Donnelly, Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Mr. Eddie Phelan, Forbairt/Foirgníocht
Mr. Simon McCormack, Gnó/Tráchtála
Mr. Anthony McArdle, Pobal/Deonach
Mr. Pat Mulligan, Pobal/Deonach
Ms Karen Devine, Comhshaol/Caomhnú

*Lion na gCruinnithe 2016 – 4*

**Bonneagar, Gnóthaí Eorpacha & Trasteorann**

An Cllr. Emma Coffey, Cathaoirleach
An Cllr. Oliver Tully, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Edel Corrigan Comhairle Contae Lú
An Cllr. Kenneth Flood Comhairle Contae Lú
An Cllr. Colm Markey Comhairle Contae Lú
An Cllr. Frank Godfrey Comhairle Contae Lú
An Cllr. Dolores Minogue, Comhairle Contae Lú
Mr. Matthew McGreehan Talmhaíocht/ Feirmeoireacht
Mr. Paddy Malone, Gnó/Tráchtáil
Ms Flora Okobi, Pobal/Deonach
Mr. Martin Feely, Pobal/Deonach
Mr. Paraic McKevitt, Comhshaoil/Caomhnú
Ms Julie-Ann Byrne, Comhshaoil/Caomhnú

*Lion na gCruinnithe 2016 – 4*



# Miondealú ar Ionadaíocht maidir le 3 MPC (Coistí Bardasacha Beartais) Beartais) Baill na gCoistí 2014 –2019

**Ceantar Bardasach Dhún Dealgan**

An Cllr. Mark Dearey, Cathaoirleach
An Cllr. Maria Doyle, C. Contae Lú
An Cllr. Marianne Butler, C. Contae Lú
An Cllr. Emma Coffey, C, Contae Lú
An Cllr. Edel Corrigan C. Contae Lú
An Cllr. Jennifer Green C. Contae Lú
An Cllr. Conor Keelan C. Contae Lú
An Cllr. Jim Loughran C. Contae Lú
An Cllr. John McGahon C.Contae Lú
An Cllr. Kevin Meenan C. Contae Lú
An Cllr. Peter Savage, C. Contae Lú
An Cllr. Tomás Sharkey, C. Contae Lú
An Cllr. Maeve Yore, C. Contae Lú
An Cllr. Antoin Watters, C. Contae Lú

*Líon na gCruinnithe 2016 – 13*

**Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia**

An Cllr. Dolores Minogue, Cathaoirleach
An Cllr. Tom Cunningham Comhairle Contae Lú
An Cllr. Colm Markey Comhairle Contae Lú
An Cllr. Pearse McGeough Comhairle Contae Lú
An Cllr. Liam Reilly, Comhairle Contae Lú
An Cllr. Jim Tenanty Comhairle Contae Lú

*Líon na gCruinnithe 2016 – 13*

**Ceantair Buirge Dhroichead Átha**

An Cllr. Oliver Tully, Cathaoirleach (Méara)
An Cllr. Paul Bell, C. Contae Lú
An Cllr. Tommy Byrne, C. Contae Lú
An Cllr. Alan Cassidy, C. Contae Lú
An Cllr. Richie Culhane, C. Contae Lú
An Cllr. Kenneth Flood, C. Contae Lú
An Cllr. Frank Godfrey, C. Contae Lú
An Cllr. Joanna Byrne, C. Contae Lú
An Cllr. Pio Smith, C. Contae Lú
An Cllr. Kevin Callan, C. Contae Lú

*Líon na gCruinnithe 2016 – 13*

**An Coiste Iniúchóireachta**

An Dr. Philip Byrne
Mr. Richard Bowden, Bowden Walsh
Mr. Billy Doyle, CEO,
Comharchreidmheasa Dhún Dealgan
An Cllr. Kevin Callan, C. Contae Lú
An Cllr. Conor Keelan, C. Contae Lú

*Líon na gCruinnithe 2016 – 6*

## Struchtúr an Chomhchoiste Phóilíneachta

Ceapadh grúpa stiúrtha comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, Príomh-Cheannfort, Rannán Lú den Gharda, Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú, Cathaoirleach Fhóram Áitiúil Póilíneacha Dhroichead Átha, Cathaoirleach Fhóram Áitiúil Póilíneacha Dhún Dealgan agus Cathaoirleach Fhóram Áitiúil Póilíneacha Bhaile Átha Fhirdhia.

**Grúpa Stiúrtha an Chomhchoiste Póilíneachta**

An Cllr. Paul Bell
An Cllr. Jim Loughran
An Cllr. Kenneth Flood
An Cllr. Pearse McGeough
An Cllr. Antoin Watters
An Príomh-Cheannfort Sean Ward
An Ceannfort Gerry Curley
An Ceannfort Gerry Smith
An Ceannfort Andrew Watters

*Líon na gcruinnithe 2016 – 2*

**Fóram Áitiúil Póilíneachta D. Átha**

An Cllr. Kenneth Flood, Cathaoirleach
An Cllr. Paul Bell
An Cllr. Tommy Byrne
An Cllr. Kevin Callan
An Cllr. Alan Cassidy
An Cllr. Richie Culhane
An Cllr. Frank Godfrey
An Cllr. Joanna Byrne
An Cllr. Pio Smith
An Cllr. Oliver Tully
Gerry Adams TD
Peter Fitzpatrick TD
Imelda Munster TD
Declan Breathnach TD
Fergus O'Dowd TD
An Seanadóir Gerald Nash
An Príomh-Cheannfort Sean Ward
An Ceannfort Gerard Smith
An Cigire Brendan Cadden
Mr. David McCloskey
Ms Flora Okobi
Mr. Tony Mullins

*Líon na gcruinnithe 2016 – 6*

**Fóram Áitiúil Póilíneachta Dhún Dealgan**

An Cllr. Jim Loughran, Cathaoirleach (Ean-DF)
An Cllr. Antoin Watters, Cathaoirleach (Samh-Noll)
An Cllr. Emma Coffey
An Cllr. Marianne Butler
An Cllr. Edel Corrigan
An Cllr. Mark Dearey
An Cllr. Maria Doyle
An Cllr. Jennifer Green
An Cllr. Conor Keelan
An Cllr. John McGahon
An Cllr. Kevin Meenan
An Cllr. Peter Savage
An Cllr. Tomás Sharkey
An Cllr. Maeve Yore
Gerry Adams TD
Peter Fitzpatrick TD
Declan Breathnach TD
Imelda Munster TD
Fergus O'Dowd TD
An Seanadóir Gerald Nash
An Príomh-Cheannfort Sean Ward
An Ceannfort Gerard Curley
An Sáirsint Brendan Keane
Mr. Frank Watters
Mr. Matthew McGreehan
Mr. Pat McVeigh
Mr. John Temple
*Líon na gcruinnithe 2016 – 4*

**Ardee Local Policing Forum**

An Cllr. Pearse McGeough, Cathaoirleach
An Cllr. Tom Cunningham,
An Cllr. Colm Markey
An Cllr. Dolores Minogue
An Cllr. Liam Reilly
An Cllr. Jim Tenanty
Gerry Adams TD
Peter Fitzpatrick TD
Imelda Munster TD
Declan Breathnach TD
Fergus O'Dowd TD
An Seanadóir Gerald Nash
An Príomh-Cheannfort Sean Ward
An Ceannfort Andrew Watters
An Cigire Paul Kiernan
An Ceannfort Fergus Treanor
An Cigire Brendan Cadden

*Líon na gcruinnithe 2016 – 4*



# PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CONTAE LÚ 2014 GO 2019

# UARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN 2017

## RÁITEAS MISIN

*Ceannaireacht a sholáthar agus seirbhísí ardchaighdeáin, atá dírithe ar an saoránach, freagrúil agus éifeachtach a chur ar fáil.*

## SPRIOC 1

### Cúram do Chustaiméirí

Go mbeidh fáil ag mhuintir Lú ar sheirbhís phoiblí fhreagrúil, a léiríonn comhbhá trí chúram agus éisteacht a thabhairt agus a chuirtear ar fáil go gairmiúil éifeachtach ó thaobh costais.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil agus meas a léiriú ar chách. | Fuair foireann Sheirbhísí do Chustaiméirí oiliúint ó cheann ceann 2016 le cinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil ar shlí chomhsheasmhach, anbhách agus ghairmiúil. |
| Sraith táscairí náisiúnta seirbhíse a cheapadh do sheirbhísí do chustaiméirí. | Tá Comhairle Contae Lú ag obair leis an Líonra Náisiúnta Seirbhísí do Chustaiméirí chun sraith tás-cairí náisiúnta seirbhíse do chustaiméirí a aontú. |
| Feabhas a chur ar chultúr na Seirbhíse do Chustaiméirí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a thacú. | Tugadh Cairt Chomhairle Contae Lú do Chustaiméirí chun dáta agus athbhreithníodh é i 2016. Rinneadh feabhsúcháin maidir le líon na gceisteanna a réitíonn Seirbhísí do Chustaiméirí tear ag an gcéad phointe teagmhála |
| Ár n-eagraíocht a dhéanamh níos insroichte trí úsáid na teicneolaíochta. Leas a bhaint as deiseanna meán sóisialta chun é seo a bhreisiú. | Bhí uasghrádú shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Lú ar siúl i gcónaí. Bhí gníomhaíocht agus teachtaireachtaí Twitter coitianta, as a lean líon mór leantóirí. |
| Chun forbairt leanúnach na gcomhéadan Seirbhíse do Chustaiméirí, go pearsanta agus go fíorúil, a chinntiú. | Rinneadh feabhsúcháin ar líon na gceisteanna a réitigh Seirbhísí do Chustaiméirí agus Iarratais ar Thithíocht Shóisialta ag an gcéad phointe teagmhála. |





## SPRIOC 2

### Tithíocht

Chun pobail inbhuanaithe a éascú trí chóiríocht agus tacaíochtaí a sholáthar a chomhlíonannn riachtanais an uile dhuine. Pobal sábháilte a chothú, agus a chinntiú go mbíonn seirbhís urrúnta éigeandála ar fáil ag an am céanna.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Raon iomlán tacaíochtaí tithíochta sóisialta a sholáthar. | Tá gach tacaíocht tithíochta sóisialta atá ar fáil á cur chun feidhme ag Comhairle Contae Lú. |
| Cabhrú le daoine imeallaithe trí Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-18 a chur ar fáil, mar aon le Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean san Oirthuaisceart 2014-17 agus cuir Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas i dtoll a chéile. | Rinneadh an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014–18 a athbhreithniú i 2016 agus léirigh sé go raibh Comhairle Contae Lú de réir spricie chun mórchuid de na cuspóirí sainaitheanta a chomhlíonadh. Bhí sé níos deacra Grúpscéimeanna Tithíochta a sholáthar ná mar a bhíothas ag súil leis ach aithníodh suíomh agus tá staidéar indéantacha páipéar-bhunaithe ar siúl.<br>Cuireadh 25 as 28 gníomhaíocht den Phlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean san Oirthuaisceart 2014-17 i bhfeidhm. Tá an obair ar siúl ar na trí ghníomhaíocht atá fágtha.<br>Tá straitéis tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas á cur i dtoll a chéile agus á cur chun feidhme. |
| Chun Straitéis nua um Iompraíocht Fhrithshóisialta a chur i dtoll a chéile. | Cheap Comhairle Contae Lú Straitéis Iompair Fhrithshóisialta i 2016. |
| Chun ár stoc a chothabháil ar shlí phleanáilte chórasach. | Cothabhálann Comhairle Contae Lú ár stoc tithíochta trí chothabháil fhrithghníomhach agus cothabháil phleanáilte. Tá suirbhé á dhéanamh ar stoc tithíochta Comhairle Contae Lú agus leathnófar an clár cothabhála pleanáilte bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé. |
| Tacú le riachtanais na saoránach uile, riachtanais atá ag athrú, trí scéimeanna deontais. | Cuireann Comhairle Contae Lú na scéimeanna deontais seo a leanas i bhfeidhm – Deontas Oiriúnaithe do Thithíocht, Tithíocht do Sheanóirí, agus Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta. |

Cúrsaí Pobail

| | |
|---|---|
| Tacú le struchtúr LCDC agus Plean LECP a chur chun feidhme. | I 2014 a bunaíodh an LCDC le 19 mball, deichniúr ón earnáil phríobháideach agus naonúr ón earnáil phoiblí. Bhí sé chruinniú ag an gcoiste i 2015 agus 10 gcinn i 2016. Sa tréimhse dhá bhliain sin, chuir an coiste na heilimintí poibil den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail i dtoll a chéile, tar éis dul i gcomhairle go forleathan leis an bpobal, sa chéad ráithe de 2016 agus aontaíodh Straitéis Áitiúil Forbartha do chlár LEADER sa tríú ráithe de 2016. |
| Tacú leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. | Lean an Chomhairle i 2016 de neartú a dhéanamh ar an nasc leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus le struchtúir chinnteoireachta. Éascaíodh sé cinn de chruinnithe rúnaíochta agus seisiún iomlánaíoch amháin de Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus eagraíodh toghcháin chun ionadaithe a thoghadh do choistí éagsúla na Comhairle. Eagraíodh an chéad Searmanas Gradam Pobail & Deonach LRP Lú sa cheathrú ráithe de 2016. |
| Straitéis Sábhailteachta Pobail a chur i dtoll a chéile.trategy. | Ghlac Comhchoiste Póilíneachta Lú Straitéis Sábháileachta Pobail Lú 2016-2022 sa dara ráithe de 2016. Dírítear sa straitéis ar thrí struchtúr, mar atá, Forfheidhmiú, Cumarsáid/ Tacaíocht/Feasacht agus Oideachas. |
| Tacú le Líonra na mBailte Slachtmhara chun pobail a fhorbairt. | Tá Coiste na mBailte Slachtmhara ag obair i gcónaí trí chomhpháirtíochtaí agus cláir a eagraítear i gcomhar leis an Roinn Pobail. Mhéadaigh gach iontrálaí i gComórtas na mBailte Slachtmhara a gcuid marcanna sa chomórtas le dhá bhliain anuas. Tá ceithre Bhonn Óir ag an gcontae faoi láthair, agus dhá bhonn cré-umha. |
| Tacú le pobail agus eastáit chun dul i mbun forbartha. | Tacaítear le pobail agus eastáit i gcónaí tríd an gclár Deontas Taitneamhachta, a sholáthraíonn cistiú ar bhonn bliantúil, mar chabhair chun dea-bhail a choimeád ar cheantair chónaithe ar fud an chontae.<br>Trí na searmanais bhliantúla moltóireachta agus gradaim, lena n-áirítear Dún Dealgan Feabhsaigh an Baile Seo Againne, Áilleacht ar an mBóinn agus Lú ag Breathnú go Maith aithnítear an obair leanúnach a dhéantar chun an timpeallacht áitiúil a bhreisiú, agus chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do chónaitheoirí an chontae agus do chuairteoirí.<br><br>Bíonn teagmháil ag an Roinn Eorpach agus Fuinnimh le Coiste na mBailte Slachtmhara agus le grúpaí pobail chun iarratais a dhéanamh ar chistiú do thionscadail fuinnimh. |





| | |
|---|---|
| An Straitéis Spóirt agus Caitheamh Aimsire a nuashonrú chun riachtanais reatha a léiriú ann agus Gníomhaíochtaí Spóirt Pobail a fhorbairt. | Chuaigh Comhpháirtíocht Spóirt Lú i gcomhairle go forleathan leis an pobail sa tríú ráithe de 2016 maidir lena straitéis nua. Tabharfar chun críche é tar éis do Straitéis Náisiúnta Spórt Éireann a bheith foilsithe. |
| Leanúint de Straitéis Contae Aoischairdiúil a chur i dtoll a chéile agus a chur chun feidhme. | Bhí Clár Aoischairdiúil Lú á chur chun feidhme i gcónaí tríd an LECP agus bailítear sonraí faoin cheithre cholún, Caidreamh Sibhialta, Timpeallachtaí Mórluachmhar agus Nasctha, Sláinte agus Follaine agus Fiontraíocht agus Nuálaíocht. Ba é buaicphoint phlean Fhóram Sheanóirí Lú 2016 an Seó Bóthair Néaltraithe a eagraíodh in Ionad Siopadóirachta na Meirsí sa tríú ráithe de 2016. in the Marshes Shopping Centre in Q3 2016. |
| Clár Chomhairle na nÓg a éascú. | Cheap Comhairle na nÓg plean gníomhaíochta mar gheall ar Nósanna Itheacháin Sláintiúla. Áiríodh anseo greannán agus físeán a chruthú mar gheall ar bhéilte sláintiúla. Fuair an Chomhairle cistiú ón Roinn Gnóthaí Eachtracha chun tionscadal trasteorann ar Brexit a chruthú. Bronnadh é seo ar Mairead McGuinness MEP, Comhdháil Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann. |
| Seirbhís fhreagrúil nua-aimseartha leabharlainne a sholáthar a chomhlíonann riachtanais an phobail agus a chuireann Straitéis 'Deiseanna do Chách' i gcrích. | Áirítear na príomhghníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme, mar a moladh sa straitéis 'Deiseanna do Chách':<br>1. The physical space and service provision: Ardee 1. Athchóiríodh an spás fisiciúil agus an soláthar seirbhíse i Leabharlann Bhrainse Átha Fhirdhia le cistiú a fuarthas tríd an tionscamh 'Mo Leabharlann Oscailte'.<br>2.Foghlaim, scileanna agus fiontraíocht: Leabaigh Contae Lú an feachtas náisiúnta 'Right to Read' (Ceart chun LéitheoireRiachta' sa chlárú agus tugadh isteach feachtas 'Work Matters' (Is fiú an obair) i leabharlanna Lú i rith 2016.<br>3.Cultúr agus pobal: Bhreisigh Tionscadal Leabharlanna Éireann 2016, a chomhordaigh Leabharlannaí Chontae Lú ar son an chontae, an fáil a bhí ag daoine ar oidhreacht, stair agus cultúr saibhair Lú. Chuir Leabharlanna Chontae Lú an Clár 'Communiversity' ar fáil trí Chomhpháirtíocht Leader Lú agus Ollscoil Mhá Nuad.<br>4.An leabharlann fhíorúil: Cuireadh Córas Bainistíochta Leabharlainne comhroinnte amháin i bhfeidhm in Iúil 2016. Tugann sé fáil ar chatalóg náisiúnta leabharlainne. A new suite of e-resources was delivered via shared procurement. Free Library Membership was introduced in 2016. |

Leabaíodh an fheachtas 'Ceart chun Léitheoireachta' i Leabharlann Lú i 2016 trí chlár léitheoireachta Summer Stars, tionscnaimh litearthacha agus campaí samhraidh litearthachta agus uimhearthachta trínar oibrigh Leabharlann Chontae Lú le geallsealbhóirí i scoileanna áitiúla agus LMETB. Sa Chlár Communiversity d'oibrigh Leabharlanna Chontae Lú le Comhpháirtíocht Leader Lú agus Ollscoil Mhá Nuad chun cúrsaí foghlama aosaí a chur ar fáil i leabharlanna Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha. Lean Seirbhís Cartlainne Chontae Lú de chartlanna poiblí agus príobháideacha Chontae Lú a aithint, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a chur ar fáil don pobal, agus deich mbliana na gCothrom Céad Bliain mar théama lárnach. Chuir Músaem Contae Lú clár comórtha fadréimseach ar fáil do lucht féachana éagsúil i suíomhanna pobail, lena n-áirítear daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile agus an pobal i gcoitinne. Ba é an taispeántas 'Birth of a Nation - the evolution of the Irish Nationhood 1641-1916' mír lárnach an chláir, taispeántas a bhfuil raidhse duaiseanna buaite aige. Bhain an Músaem stádas iomlán creidiúnaithe amach faoi Chlár Caighdéain do Mhúsaeim na Comhairle Oidhreachta d'Éirinn (coibhéis tionscail an ISO 9000). Cabhraíonn an Roinn Eorpach agus Fuinnimh leis na leabharlann costais fuinnimh a laghdú trí chistiú d'oibreacha feabhsaithe fuinnimh a iarraidh agus a bhainistiú.



Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae

## Seirbhisí Éigeandála

| | |
|---|---|
| Seirbhís Dóiteáin athléimneach dea-oilte a choimeád. | Úsáideann Comhairle Contae Lú na huaireanta breise oiliúna atá ar fáil faoi Chomhaontú 5GDS chun oiliúint níos fearr a chur ar bhaill foirne lánaimseartha. Cuirtear na cláir druileála seo ar fáil don phearsanra ar áirithíocht. Bíonn an Chomhairle i gcónaí ag iarraidh an flít agus an trealamh a uasghrádú ar aon dul le caighdeáin náisiúnta. Féachann an Chomhairle le cinntiú go gcuirtear amanna slógtha lánaimseartha feabhsaithe ar fáil. |
| Straitéis Pobail Sábháilteachta Dóiteáin cuimsitheach a chur ar fáil. | Leathnaigh Comhairle Contae Lú a chláir phobail sábháilteachta dóiteáin ar aon dul leis an straitéis seo, lena n-áirítear feachtais Sheachtain Charbón-Aonocsaíde agus bileoga a scaipeadh ag buaic-amanna agus seastáin, agus tá clár CFS idirbhliana á scrúdú. Cabhróidh bogearraí nua chun a éifeachtaí atá feachtais CFS a mheasúnú. |
| An Straitéis Dóiteáin 'Coinneáil Pobail Sábháilte' náisiúnta a sheachadadh. | Chuir Comhairle Chontae Lú athbhreithnithe i bhfeidhm láithreachtaí réamhshocraithe agus socruithe creara i gcomhréir le moltaí KCS. Tá an Chomhairle tiomanta do chur i bhfeidhm na mbeart KCS go léir, áirítear an t-acmhainn is gaire atá ar fáil. Cuid de tá na hathruithe seo ag brath ar chomhaontú faoi struchtúir náisiúnta na Seirbhíse Dóiteáin. |
| Cinntiú go mbíonn Struchtúr Bainistíocht Móréigeandálaí leordhóthanach ann i gcónaí. | Chinntigh Comhairle Contae Lú go bhfuil cur amach ag an bhfoireann shinsir ar fad ar na socruithe nua móréigeandála. Rinneadh amhlaidh trí chleachtaí MEP agus oiliúint a chur ar an bhfoireann ina róil ainmnithe. Déanann an Chomhairle a chion i socruithe réigiúnacha MEP agus san Athbhreithniú Pleanála ar Mhór-éigeandálaí. |
| Seirbhís Cosanta Sibhialta lánacmhainne a chur ar fáil. | Tá Athbhreithniú 2016 ar Chosaint Shibhialta á chur ar fail ag Comhairle Contae Lú le cinntiú go gcuireann Cosaint Shibhialta na seirbhísí atá de dhíth ar na príomhghníomhaireachtaí freagartha ar shlí leordhóthanach. |

## SPRIOC 3

### BONNEAGAR

Líonra iompair ardchaighdeáin a choimeád, atá insroichte, sábháilte, cliste agus comhthaite agus leanúint de bhonneagar nua-aimseartha agus sofaisticiúil a sholáthar, chun rochtain gan dua a thabhairt do shaoránaigh uile an chontae.

### An Córas Iompair

| | |
|---|---|
| Líonra bóithre an chontae a chothabháil agus a fheabhsú. | Ina chlár bliantúil oibreacha bóithre, bainistíonn Comhairle Contae Lú riachtanais cothabhála agus feabhsaithe dá líonra bóithre, slite rothar agus cosán. Comhoibríonn Comhairle Contae Lú leis an NRA agus an Roinn Iompair chun tionscadail feabhsaithe ar an líonra iompair a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar fud an chontae. |
| Dul chun cinn a dhéanamh i bpríomhthionscadail lena n-áirítear: Droichead Chaol Uisce, Seachbhóthar Átha Fhirdhia, Bealach Rochtana Chalafort Dhroichead Átha. | Tionscadal Dhroichead Chaoluisce: ar feitheamh i ngeall ar easpa cistithe. Tionscadal Sheachbhóthar Átha Fhirdhia: ag feitheamh ar chinneadh ar athbhreithniú náisiúnta lártéarma ar an gclár caiteachais chaipitil. Tionscadal Bhealach Rochtana Chalafort Dhroichead Átha: cuireadh tús le réamhoibreacha ar bhonn de réir a chéile i dteannta forbairt tithíochta a sholáthar i nDroichead Átha Thuaidh. |
| Cosáin, áiseanna carrpháirceála, spásanna oscailte agus áiseanna eile a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú le cinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais shaoránaigh an chontae. | Ina chlár bliantúil oibreacha bóithre, bainistíonn Comhairle Contae Lú riachtanais cothabhála agus feabhsaithe dá líonra bóithre, slite rothar agus cosán. Tá soláthar déanta ina chlár caipitil trí bliana d'oibreacha feabhsaithe ar chlóis súgartha agus i bpáirceanna, agus ar a líonra méadair páirceála i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha. |





| | |
|---|---|
| Clár Sábháilteachta ar Bhóithre a chur chun feidhme a oirfidh do riachtanais atá ag athrú. | D'éirigh le Comhairle Contae Lú tacaíocht a fháil do bhearta sábháilteachta scoile/pobail faoi mheicníocht maoinithe na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (do thionscadail bheaga bonneagair i gceantair thuaithe atá faoi mhíbuntáiste) do sheacht gcinn de scoileanna (comharthaíocht trachta agus comharthaí srl.)<br><br>Cheap Comhairle Contae Lú, i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin, Oifigeach Sábháilteachta Bóthair i 2016. D'ullmhaigh an tOifigeach sin:<br><br>Plean Gníomhaíochta Sábháilteachta ar Bhóithre don chontae a chlúdóidh an tréimhse 2017-2020, agus déanann sé teagmháil leis an nGarda Síochana mar chuid den Chlár um Choisceadh Imbhuailtí chun áiteanna ina dtarlaíonn imbhuailtí go minic a aithint agus gníomh coisctheach leasúcháin a dhéanamh nuair is gá; bainistíonn sé clár na maor scoile; Cothaíonn sé feasacht mhuintir na háite i dtaca le cláir i scoileanna agus ar na meáin shóisialta i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. |
| Dul i mbun oibre i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais chun an clár tógála scoileanna a fhorbairt agus a chomhlíonadh. | Scoil Bhaile Mhic Éinigh: críochnaithe<br>Scoil Oideachas le Chéile Átha Fhirdhia: ag céim an dearaidh; Coláiste Chú Chulainn: á thógáil. |
| Campas earnála poiblí a chur ar fáil in oifigí Shráid an Aonaigh i nDroichead Átha. | Tá foireann deartha ceaptha agus tá céim an réamhdhearaigh tugtha chun críche. Tá na hoibreacha ar siúl ar na miondearadh agus ar dhoiciméid tairisceana a chur ar fáil. |
| Féachaint le hathghiniúint bailte/ sráidbhailte a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh. | Mheaitseáil an Chomhairle an cistiú do roinnt tionscadal a fuair tacaíocht ón Scéim Bailte agus Sráidbhailte 2016. |

## Muirí

| | |
|---|---|
| Lánúsáid a bhaint as ár gcalafoirt chun an méid a chuireann earnáil na gcalafort leis an ngeilleagar áitiúil a mhéadú.. | Cead pleanála tugtha do Bhád Farantóireachta idir Calafort an Ghrianfoirt agus Caisleán na hOireanaí.. |
| Aitheantas a thabhairt dár gcalafoirt mar láithreacha móra stairiúla, cultúrtha, sóisialta agus caitheamh aimsire. | Féile Mhuirí Dhroichead Átha i Meitheamh 2016. Thángthas ar chomhaontú chun piara a thógáil ag Calafort Dhroichead Átha i gcomhpháirtíocht le Calafort Dhroichead Átha. |
| Dul i mbun comhpháirtíochta lenár gcalafoirt chun idirghníomhú idir earnáil na gcalafort agus na córais pleanála agus forbartha a chinntiú ionas go ndéanfar earnáil na gcalafort a fhorbairt go leanúnach agus ar shlí inbhuanaithe. | Bhí cruinnithe rialta ann idir Chalafort an Ghrianfoirt agus Calafort Dhroichead Átha ar cheisteanna pleanála. |
| An Beartas um Chalafoirt Náisiúnta a thacú agus a chur chun feidhme. | De réir an Bheartas um Chalafoirt Náisiúnta tá dul chun cinn á dhéanamh chun scairshealbhóireacht Chuideachta Chalafoirt Dhroichead Átha, DAC a aistriú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí go Comhairle Contae Lú. |
| Leanúint den obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun déileáil leis an mbagairt ó chreimead cósta agus ó mhéadú ar leibhéal na taoide. | Tá Comhairle Contae Lú páirteach i gcónaí i Staidéar Oifig na nOibreacha Poiblí ar CFRAM a chríochnófar faoi dheireadh 2017, meastar, nuair a chuirfear Líosta Náisiúnta Tosaíochtaí de na Pleananna Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte ar fad ar fáil. |





# SPRIOC 4

## OIBRÍOCHTAÍ, MUIRÍ AGUS UISCE

Líonra iompair ardchaighdeáin a choimeád, atá insroichte, sábháilte, cliste agus comhthaite a chomhlíonann riachtanais mhuintir Lú sholáthar, i gcomhar le hUisce Éireann chun soláthar a dhéanamh do sheirbhísí ardchaighdeáin uisce agus fuíolluisce.

## Iompar

| | |
|---|---|
| Líonra bóithre an chontae a chothabháil agus a fheabhsú. | Ina chlár bliantúil oibreacha bóithre, bainistíonn Comhairle Contae Lú riachtanais cothabhála agus feabhsaithe dá líonra bóithre, slite rothar agus cosán. Comhoibríonn Comhairle Contae Lú leis an NRA agus an Roinn Iompair chun tionscadail feabhsaithe ar an líonra iompair a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar fud an chontae. |
| Moltaí Iniúchadh Iompair an Chontae a chur chun feidhme trí fhreagairt chomhtháite ón earnáil phoiblí. | Rinneadh dul chun cinn tríd an gcomhchoiste Sábháilteachta ar Bhóithre agus trí phlean sábháilteachta ar bhóithre a aontú inar aithníodh cuspóirí deo na geallsealbhóirí uile. |
| Féachaint le príomhchuspóirí an Bheartais Náisiúnta do Thaisteal níos Cliste a bhaint amach. | Cuidíonn an Roinn Eorpach agus Fuinnimh leis an Roinn Iompair chun príomhchuspóirí an Taistil Chliste a bhaint amach trí chistiú d'iompar inbhuanaithe a lorg agus a bhainistiú. |
| Cothabháil a dhéanamh ar shlite rothar, cosáin, páirceáil, páirceanna, clóis súgartha, bóithre agus saoráidí eile a chomhlíonann riachtanais mhuintir Lú. | Tá soláthar Comhairle Contae Lú ina chlár caipitil trí bliana d'uasghráduithe ar a líonra de mhéadair pá-pháirceála i nDún Dealgan agus Droichead Átha, agus ar líonra clós súgartha, páirceanna agus leitreas poiblí ar fud an chontae. Tacaíonn agus éascaíonn an Chomhairle grúpaí pobail áitiúla i gcónaí chun an t-éileamh ar áiseanna áitiúila ar nós clós súgartha srl. a shásamh.<br><br>Mar a dúradh thuas, bainistíonn Comhairle Contae Lú riachtanais cothabhála agus feabhsaithe dá líonra bóithre, slite rothar agus cosán ar bhonn leanúnach. |

| | |
|---|---|
| Clár Sábháilteachta ar Bhóithre a chur chun feidhme a oirfidh do riachtanais atá ag athrú. | D'éirigh le Comhairle Contae Lú tacaíocht a fháil do bhearta sábháilteachta scoile/pobail faoi mheicníocht maoinithe na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (do thionscadail bheaga bonneagair i gceantair thuaithe atá faoi mhíbuntáiste) do sheacht gcinn de scoileanna (comharthaíocht trachta agus comharthaí srl.)<br><br>Cheap Comhairle Contae Lú, i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin, Oifigeach Sábháilteachta Bóthair i 2016. D'ullmhaigh an tOifigeach sin:<br><br>Plean Gníomhaíochta Sábháilteachta ar Bhóithre don chontae a chlúdóidh an tréimhse 2017-2020, agus déanann sé teagmháil leis an nGarda Síochana mar chuid den Chlár um Choisceadh Imbhuailtí chun áiteanna ina dtarlaíonn imbhuailtí go minic a aithint agus gníomh coisctheach leasúcháin a dhéanamh nuair is gá; bainistíonn sé clár na maor scoile; cothaíonn sé feasacht mhuintir na háite i dtaca le cláir i scoileanna agus ar na meáin shóisialta i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. |

## Muirí

| | |
|---|---|
| Tacú agus cothabháil a dhéanamh ar na chalafoirt agus cuanta forbartha agus go háirithe orthu siúd atá faoi úinéireacht na Comhairle. | Déanann CCL a bhearta ag roinnt calafort sa chontae a chothabháil agus a bhainistiú, ag forfheidhmiú fodhlíthe calafoirt 2007. Cuireadh scéim feabhsúcháin fóntas i bhfeidhm ag Cuan Cheann Chlochair. |

| | |
|---|---|
| Tacú leis na moltaí ag éirí as an staidéar a rinneadh ar Thuilte Mhórcheantar Dhún Dealgan agus aon staidéar eile a rinneadh. Tabharfar tús áite dó le linn shaol an phlean seo. | Tá CCL ag leanúint dá rannpháirteachas i Staidéar OPW CFRAM a mheastar a chríochnófar roimh dheireadh 2017 nuair a chuirfear liosta náisiúnta de na Pleananna Bainistithe Tuilte ar fáil. |



Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae

## Uisce

| | |
|---|---|
| Dul i mbun oibre le hUisce Éireann le soláthar leanúnach agus leordhóthanach uisce óil slán sábháilte a chinntiú chun riachtanais forbartha Chontae Lú a chomhlíonadh. | Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir le WSIP 2014-2016 a chur ar fáil do nuashonruithe ar ghléasraí cóireála Steach Luíne agus Cavanhill. |

| | |
|---|---|
| Clár caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm chun caillteanas uisce ón líonra dáileacháin a íoslaghdú, i gcomhar le hUisce Éireann. | Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí leis na tionscadail uisce. Réamhoibreacha tugtha chun críche. |

| | |
|---|---|
| Soláthar a dhéanamh do chórais leordhóthanacha cóireála agus bailithe fuíolluisce, i gcomhar le hUisce Éireann, chun riachtanais Phleananna Bainistíochta Abhantraigh a chomhlíonadh. | Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir le Scéimeanna Séarachais Átha Fhirdhia agus Ó Méith WSIP 2014-2016 a chur ar fáil. |

## SPRIOC 5

### COMHSHAOL & FUINNEAMH INBHUANAITHE

Soláthar a dhéanamh le haghaidh seirbhís thráthúil ardchaighdeán uisce agus fuíolluisce chun riachtanais forbartha an Chontae a chomhlíonadh agus an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú ag an am céanna.

Comhshaol

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| I gcomhar le hUisce Éireann, a chinntiú go mbíonn soláthar leanúnach d'uisce óil slán sábháilte ann atá leordhóthanach chun riachtanais forbartha an chontae a chomhlíonadh. | Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir le WSIP 2014-2016 le haghaidh uasghráduithe ar ghléasra cóireála Steach Luíne agus Cavanhill. |
| Leanúint de chlár caomhnaithe uisce a acmhainniú chun cailliúint uisce ón gcóras dáileacháin a íoslaghdú. | Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí le tionscadail caomhnaithe uisce. Réamhoibreacha tugtha chun críche. |
| Chun soláthar a dhéanamh do chórais leordhóthanacha cóireáil agus bailiú fuíolluisce agus chun riachtanais na bpleananna bainistíochta abhantraigh a rinneadh faoin gCreat-Treoir Uisce a chomhlíonadh. | Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir le Scéim Shéarachais Átha Fhirdhia a chur ar fáil faoi WSIP 2014-2016 agus Scéim Shéarachas Ó Méith. |
| Leanúint de bheartas náisiúnta praghsála uisce a chur chun feidhme. | An cheist seo curtha ar aghaidh |





| | |
|---|---|
| Forfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta comhshaoil a choimeád. | Rinneadh cigireachtaí i réimsí uisce, fuíll, aeir agus torainn. Rinneadh na cigireachtaí seo de réir phlean RMCEI (Critéir Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil) a cuireadh isteach chuig an nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil. Tionscnaíodh gníomhartha forfheidhmithe nuair ba ghá tar éis cigireachtaí. Mheasúnaigh an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil na córais forfheidhmithe do 2016 agus bhain siad amach grád feabhais.<br>Measúnaíodh an fheidhmíocht chomhshaoil mar fheidhmíocht den scoth do 2016.<br>Tá Comhairle Contae Lú ag oibriú go gníomhach leis an Líonra Régiúnach Forfheidhmiucháin Dramhaíola nua chun tosaíochtaí náisiúnta a chur i bhfeidhm.<br><br>Fostaíonn an Chomhairle maoir bhruscair i nDún Dealgan, Droichead Átha agus i gceantar an Chontae chun an Acht um Thruailliú Bruscair 1977 agus na Fodhlíthe Bruscar Madraí agus Rialú Madraí 2015 a fhorfheidhmiú.<br>Le déanaí fuair an Chomhairle cistiú ón Roinn Comhshaoil le haghaidh tionscnamh frithdhumpála trína suifear áiseanna CCTV chun dáta chun dumpáil mhídhleathach a rianú ag roinnt baill dhubha sa chontae.<br><br>Tá roinn ghníomhach comhlíonadh comhshaoil ag an gcontae trína ndéantar na hAchtanna um Bainistíocht Dramhaíola Dramhaíola 1996-2015 a fhorfheidhmiú. |

Fuinneamh Inbhuanaithe

| | |
|---|---|
| Feasacht chomhshaoil a chur chun cinn agus tacú le cuspoirí an Phlean Bainistíocht Dramhaíola. | Faisnéis scaipthe i dtuarascáil mhíosúil chuig an gComhairle lena n-áirítear nuashonruithe Forfheidhmiú ar siúl áit is cuí. |
| Úsáid foinsí agus córais fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn. | Cláir feasachta oideachais ar siúl i gcónaí intí agus le pobail. |
| Úsáid agus éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh agus áiseanna na Comhairle a fheabhsú. | Tá an Comhairle Contae Lú ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun feidhmíocht fuinnimh áiseanna na Comhairle a fheabhsú. |
| Tionscnaimh nua coigilteas fuinnimh san earnáil ghnó a thacú agus a chur chun cinn. | Tá an Chomhairle ag obair le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun feasacht ar fhuinneamh a chur chun cinn san earnáil gnó agus san earnáil phobail. |
| Saineolas a fhorbairt i mbainistíocht fuinnimh inbhuanaithe mar acmhainn don Chomhairle agus d'earnálacha eile. | Tá saineolas intí á fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe éagsúla lena n-áirítear DkIT. |
| Comhairle Contae Lú a fhorbairt mar eiseamláir den éifeachtúlacht fuinnimh. | Tá obair réamhghníomhach ar siúl i gcónaí chun tionscadail a d'fhéadfadh fuinneamh a spáráil a aithint don Chomhairle le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireanna agus an AE. |
| Tionscnaimh spárála fuinnimh a chur i ngníomh laistigh den eagraíocht agus den phobal i gcoitinne. | Tá Comhairle Contae Lú i gceannas ar chlár BEC i Lú i gcomhar le hearnálacha pobail agus gnó. |





## SPRIOC 6

### FORBAIRT EACNAMÚIL

Gur suíomh chéadrogha é Contae Lú d'fhorbairt eacnamaíoch, deiseanna cultúrtha agus oide-achasúla le tacú ó bhonneagar nua-aimseartha sofaisticiúil ina gcuirtear san aireamh riachtanais eacnamaíocha na glúine seo agus na nglúine a thiocfaidh inár ndiaidh.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Ceannaireacht agus tacaíocht a sholáthar chun gníomhartha Fhóram Eacnamaíoch Lú a chur ar fáil. | Eagraíodh cruinnithe rialta den Fhóram i 2016.Tá pleananna nua i bhfeidhm - Pleananna Gníomhaíochta Leathanbhanda agus Turasóireachta agus Oidhreachta. Cur i bhfeidhm na mbeart atá i bPlean Gníomhaíochta Fuinnimh Fhóram Eacnamaíoch Lú agus tacaíonn sé le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ina ról mar Chathaoirleach an Ghrúpa Taisc Fuinnimh. |
| Comhairle sothuigthe ardchaighdeáin gnó a chur ar fáil a mheallann infheistíocht isteach, agus a thacaíonn agus a mhisníonn comhlachtaí nua as a leanfaidh fás ar fhiontair bheaga agus mheánmhéid. | Cuireann an Roinn Forbartha Eacnamaíche agus LEO comhairle gnó ar fáil. Bhí cruinnithe rialta ann leis an IDA agus Enterprise Ireland i 2016 agus chomhlíon an Chomhairle roinnt gníomhartha a mheallann infheistíocht dhíreach ón gcoigríocht lena n-áirítear faisnéis chun dáta ar a infhaighte atá oifigí agus cistiú do Chéim II den Mhuileann. |
| Ról na hOifige Áitiúil Fiontair a fhorbairt chun tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide. | Tugadh Plean Gníomhaíocht LEO Lú |
| Ár ndeiseanna turasóireachta a bharrfheabhsú, infheistíocht sna healaíona agus san oidhreacht chultúrtha a mhisniú. | Cuireadh iarratais ar chistiú isteach chuig Fáilte Ireland maidir le Caisleán Átha Fhirdhia agus an Halla Baile, Céim II. |

| | |
|---|---|
| Leanúint de spriocanna turasóireachta a fhorbairt i nGleann na Bóinne agus i gCuailgne/Múrna/Sliabh gCuillinn. | Tá Plean Gníomhaíochta Turasóireachta agus Oidhreachta nua i bhfeidhm chun an túrasóireacht, na healáíon, an cultúr agus an oidhreacht a chur chun cinn trí leas a bhaint as suíomh uathúil Chontae Lú i gCianoirthear na hÉireann, mar lárionad do Ghleann na Bóinne agus do Réigiún Chuailgne, Mhúrna agus Shliabh gCuillinn. |
| Dul i mbun oibre i gcomphháirtíocht le hinstitiúidí áitiúla oideachais chun tacú le fiontraíocht agus le comhlachtú nuabhunaithe. | Is príomhbhaill d'Fhóram Eacnamaíoch Lú iad DKIT agus LMETB<br><br>Chuaigh an Roinn Eorpach agus Fuinnimh i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus an LMETB chun oiliúint a chur ar deichniúr rannpháirtithe le haghaidh iniúchtaí fuinnimh ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Ina theannta sin, tá an Chomhairle ag obair leis an Údarás agus le LEO chun treoirphróiseas dearbhán a fhorbairt chun iniúchtaí fuinnimh a mhaoiniú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. |
| Scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna a ghabhann le coincheap na Tána. | Cistiú Breise Féile leithdháilte ar An Táin. |
| Úsáid na hOifige Áitiúil Fiontair nua-chomhtháite (LEO) a uasmhéadú. | Tugadh Plean Gníomhaíochta LEO Lú. |
| Straitéis Athbheochana Lár an Bhaile a cheapadh do Dhún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia. | Tacaíochtaí miondíola:<br>Deontais Tacaíochta Gnó agus Deontais d'Aghaidheanna Siopaí ar fáil.<br><br>I gcomhar le Comhairle Contae Lú Feabhas Miondíola Éireann. Lá Oiliúna Sheirbhís do Chustaiméirí do mhiondíoltóirí sa Crowne Plaza i Meán Fómhair 2016. |





| | |
|---|---|
| Cur chuige comhsheasmhach gairmiúil a sholáthar i leith pleanáil sa todhchaí agus seirbhísí réamhphleanála don phobal. | Cuireadh tús leis an obair ar Phleananna Limistéir Átha Fhirdhia agus Dhún Léire. Tá coincheap á cheapadh do Shráid Chaol na gCapall, Droichead Átha. |
| Dul i mbun oibre chun Plean Forbartha Contae a sholáthar ina gcuirfear an fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus fás ar fhostaíocht chun cinn. | Plean Forbartha Contae Nua Lú 2015 – 2021 i bhfeidhm.<br><br>Tá forbairt inbhuanaithe á cur chun cinn ag an gComhairle trí shaineolas a fhorbairt ar theicneolaíochtaí inbhuanaithe fuinnimh agus comhairle maidir leis sin a thairiscint. |
| Straitéis Athbheochana Lár an Bhaile a cheapadh do Dhún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia. | Níor cuireadh. |
| Leanúint ar aghaidh ag tabhairt spreagadh d'fhiontair tuaithe mar shlí chun pobail tuaithe a thacú agus a choimeád ann. | Fuarthas cistiú REDZ do Chéim II d'Fhiontar Muilinn - €250,000. Tugadh Céim II i Nollaig 2016. |
| Féachaint chuige go ndéantar beartais comhshaoil a chomhtháthú le gach beartas straitéiseach agus oibríochtúil. | Pléadh beartais chomhshaoil ag cruinnithe den Fhoireann Ardbhainistíochta agus ar aghaidh go pleananna ábhartha straitéiseacha agus oibríochtúla. |
| Cosc, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a chur chun cinn agus a mhisniú de réir an bheartais náisiúnta agus bheartas an AE. Policy. | Bheith rannpháirteach go hiomlán mar bhall de ghrúpaí dramhaíola Réigiúnach Thoir & Lár na Tíre ag leibhéal straitéiseach agus ag leibhéal oibríochtúil. |

## SPRIOCH 7

### RÉIGIÚNACH TRASTEORANN & AONTAS EORPACH

Dún Dealgan agus Droichead Átha a chur i gceartlár Gheata Réigiúnach na Conaire Thoir.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Dún Dealgan agus Droichead Átha a chur chun cinn mar phríomh-láithreacha d'fhorbairt an chontae. | Meabhrán Tuisceana idir Comhairle Contae Lú agus Comhairle Ceantair an Iúir agus Mhúrna le plean gníomhaíochta nua ina n-aithnítear an bhrústocaireacht mar phríomhréimse. |
| Dún Dealgan agus Droichead Átha a chur chun cinn mar phríomhláithreacha d'fhorbairt an chontae. | Aithníodh an dá bhaile mar phríomhláithreacha forbartha sa Phlean Forbartha Contae agus inár n-aighneacht chuig an gCreat Náisiúnta Pleanála. |
| Ionad feabhais agus dea-chleachtais a fhorbairt maidir le deiseanna cistithe Eorpacha mar acmhainn do na stiúrthóireachtaí uile. | Tionscadail fhéideartha AE aitheanta go leanúnach agus scaipthe ar na ranna cuí. |
| Tacú le forbairt agus athnuachan an Mheabhráin Tuisceana i gcomhar lenár gcomhpháirtithe trasteorann. | An Meabhrán Tuisceana athbheoite agus plean gníomhaíochta a aontú agus a chur chun feidhme. |
| Tacú le forbairt inbhuanaithe áiseanna ar scála réigiúnach sna bailte faoi seach. | Tacófar le haon tionscadal féideartha ar scála réigiúnach. |



Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae

## SPRIOC 8

### EALAÍONA, CULTÚR & FÓILLÍOCHT

Beidh na hEalaíona, an Cultúr & an Fhóillíocht mar bhonn tac le cáilíocht na beatha do dhaoine aonair agus do phobail sa chontae.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Iarraidh ar an gComhairle léiriú a thabhairt ar na healaíona, an cultúr agus an fhóillíocht i saol an chontae trí dhul i gceannas ar thacú le gach páirtí leasmhar sa chontae. | Is léiriú ar thiomantas na Comhairle i leith teacht a thabhairt ar oideachas ceoil é Music Generation Louth agus is léir an tacú do bhonneagar cultú®tha an chontae sa chúltacú leanúnach airgeadais a thugtar do Creative Spark, d'Ionad Ealaíon na Tána, d'Ionad Ealaíon Dhroichead Átha agus Highlanes Gallery.Highlanes Gallery.<br><br>Tá roinnt tionscadal ealaíon san oideachas tugtha isteach ag an tSeirbhís Ealaíon sna hamharcealaíona agus sa cheol, agus oibríonn an tSeirbhís i gcomhpháirtíocht le roinnt gníomh-aireachtaí agus grúpa chun deis a thabhairt do na saoránaigh uile a bheith rannpháirteach sna healaíona. |
| Plean comhtháite Ealaíon agus Leabharlann a fhorbairt. | Tugadh an chéad Phlean Cultúiri agus Cruthaitheachta d'Éirinn Chruthaitheach chun críche i Lú i 2017. Tá tús curtha leis an obair ar straitéis chultúrtha cúig bliana. |
| Clár imeachtaí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chomhordú chun an leas is fearr is féidir a bhaint as amharclanna, gailearaithe, leabharlanna, músaeim agus cartlanna. | Imeachtaí, feidhmíocht agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta a chlárú i gcónaí ar ardchaighdeán i raon ionad; san áireamh anseo tá Ionad Oidhreachta Chairlinn sa tuaisceart agus Músaem Chnoc an Mhuilinn sa deisceart. Gheofar gach sonraí ar imeachtaí cultúrtha sa chontae ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Ealaíon, www.createlouth.ie. |
| Straitéis Chomhpháirtíocht Spóirt Lú a chur chun feidhme. | Tá Straitéis Chomhpháirtíocht Spóirt Lú 2018-22 ullmhaithe agus ag feitheamh ar ghlacadh. |
| Dul chun cinn a dhéanamh ar chéimeanna 2 agus 3 d'Fhorbairt Tógála Halla an Bhaile. | Dhá chéim atá ann. Tugadh Céim 1 – Taispeántas Idirghníomhach "Geata Dhroichead Átha isteach i nGleann na Bóinne" chun críche i Meán Fómhair 2016. Tá cistiú faighte anois ó Fháilte Éireann le haghaidh Céim 2 nuair a athchóireofar an chuid thu-as staighre d'fhoirgneamh Halla an Bhaile mar aon le húsáid choincheapa a cheapadh don spás. |

## SPRIOC 9

### DAONLATHAS ÁITIÚIL

Ról daonlathach, saoránach agus ceannaireachta Chomhairle Contae Lú a thacú, a chur chun cinn agus a bhreisiú.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Obair leanúnach agus forbairt ról daonlacha na Comhairle agus a gcoistí a mhaoiniú. | Cruinnithe tionólta, gnó na gclár oibre déanta go héifeachtach, iarbhearta curtha i gcrích. Clár Bliantúil Toghthóirí chun dáta foilsithe de réir na ndátaí reachtúla.<br>Clár Eitice chun dáta críochnaithe i bhfeidhm. |
| Cultúr féiniúlachta corparáidí a chothú go hinmheánach agus go seachtrach | Brandáil nua chorparáideach i bhfeidhm Suíomh gréasáin lainseáilte i 2017 Athbhrandáil feithiclí ar siúl.. |
| An struchtúr dhá shraith rialtais áitiúil a thacú agus a neadú ar fud an chontae. | Bhí cruinnithe reachtúla de Chomhaltaí an Oireachtais ann. |
| Oibriú na Comhairle, a choistí agus naisc le comhlachtáí eile a dhéanamh níos éifeachtaí. | Eolas ó choistí éagsúla scaipthe trí thuarascáil mhíosúil chuig an gComhairle. |
| Ról an Choiste Iniúchóireachta a leabú le prionsabail dhea-chleachtais an tsár-rialachais. | Seirbhis sheachtrach iniúchta inmheánaigh ag obair i Lú. Plean oibre an Choiste Iniúchóireachta maidir le hiniúchadh inmheánach ceadaithe agus curtha i bhfeidhm. |
| Daonlathas rannpháirteach a fhorbairt trí úsáid Líonra Rannpháirtíochta an Phobail a fheabhsú | Lean an Chomhairle den nasc leis an PPN agus leis na struchtúir áitiúla cinnteoireachta a neartú i 2016. Éascaíodh sé cinn de chruinnithe rúnaíochta agus seisiún iomlánaíoch amháin den Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus eagraíodh toghcháin chun ionadaithe a thoghadh do choistí éagsúla na Comhairle. Eagraíodh an chéad Searmanas Gradam Pobail & Deonach LRP Lú sa cheathrú ráithe de 2016. |
| Ár seirbhísí uile a bheith cuimsitheach agus meas a léiriú ar chách. | Cairt Chúraim do Chustaiméirí tugtha chun dáta agus curtha i bhfeidhm. Díríodh ar iarratais SF, gearáin leis an Ombudsman agus nochtaí faoi chosaint laistigh de na tréimhsí ama ábhartha. |





## SPRIOC 10

### BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

Seirbhisí comhtháite luach ar airgead a sholáthar trí chineálacha nuálacha agus oiriúnaío-cha cur chuige i leith an rialachais áitúil.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Déanfaidh an eagraíocht a dícheall chun í féin a ullmhú chun riachtanais an phobail agus na timpeallachta, riachtanais atá ag athrú, a chomhlíonadh. | Plean Lucht Saothair aontaithe agus i bhfeidhm. |
| Tréaniarracht a dhéanamh chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an tslí a chuirtear seirbhísí ar fáil ar mhaithe le héifeachtúlacht a bharrfheabhsú agus luach ar airgead a thabhairt. | Rinne an Ardbhainistíocht agus Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú rialta ar na seirbhísí. |
| Uirlisí bainistíochta feidhmíochta a úsáid chun torthaí ardchaighdeáin a bhaint amach. | Tá Córas Feidhmíochta Bainistíochta agus Forbartha i bhfeidhm agus tá Comhairle Contae Lú rannpháirteach i dtionscadal chun an córas a thabhairt chun dáta. |
| Príomhinniúlacht a aithint do phoist, uas-sciliú a dhéanamh nuair is gá agus a chur i bhfeidhm san ionad oibre chun riachtanais an phobail a chomhlíonadh. | Aistríodh go hoiliúnt bunaithe ar inniúlachtaí d'agallaimh a chur ar fáil don fhoireann mar a aithníodh trí PMDS Foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn go leanúnach san eagraíocht. |
| Cultúr feasachta sláinte agus sábháilteacht a chothú chun líon na dtimpistí san ionad oibre agus i limistéir phoiblí a laghdú. | Bhí cruinnithe rialta ag an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta ó cheann ceann 2016 chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm an chláir Sláinte agus Sábháilteachta. |
| Leanúint ar aghaidh ag oibriú trí éiteas comhpháirtíochta san ionad oibre. | Bhí cruinnithe rialta ceardchumainn agus bainistíochta ann chun aon cheist a tháinig chun cinn a phlé agus a réiteach. |

